



Uimhir 45 de 2012

AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2012
[*An tionú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar alt 1A den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
4. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht.
5. Cionta.
6. Léiriú Chuid II.
7. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 7A den Phríomh-Acht.
9. Cineál nua conartha árachais sláinte a chur faoi bhráid an Údaráis, etc.
10. Leasú ar alt 7AC den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 7C den Phríomh-Acht.
12. Leasú ar alt 7D den Phríomh-Acht.
13. Leasú ar alt 7E den Phríomh-Acht.
14. Leasú ar alt 7F den Phríomh-Acht.
15. Leasú ar an bPríomh-Acht.
16. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht.
17. Oifigh údaráithe a cheapadh agus cumhachtaí oifigeach údaráithe.
18. Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht.
19. Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht.
20. Aisghairm.
21. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

[Uimh. 45.] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012. [2012.]

22. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRÁITEAR

Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003	
An tAcht Árachais Sláinte, 1994	1994, Uimh. 16
Na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2011	
An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009	2009, Uimh. 24
Petty Sessions (Ireland) Act, 1851	1851, (14 & 15) <i>Vict.</i> <i>c.93</i>
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 13



Uimhir 45 de 2012

AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

DO LEASÚ AN ACHTA ÁRACHAIS SLÁINTE, 1994, GO háIRITHE CHUN A CHINNTIÚ GO nDÉANFAR, AR MHAITHE LEIS AN DLÚTHPHÁIRTÍOCHT SOCHAÍ AGUS IDIRGHLÚINE, AN tUALACH MAIDIR LE COSTAIS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE A CHOMHROINNT AG DAOINE ÁRACHAITHE TRÍ SHOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE FÓIRDHEONTAS COSTAIS IDIR NA DAOINE IS LÁIDRE SLÁINTE AGUS NA DAOINE IS LAIGE SLÁINTE, LENA nÁIRÍTEAR IDIR DAOINE ÓGA AGUS DAOINE AOSTA; DO DHÉANAMH SOCRÚ, AG FÉACHAINT DO PHRÍOMHCHUSPÓIR AN ACHTA ÁRACHAIS SLÁINTE, 1994, MAIDIR LE CREIDMHEASANNA UM CHOITHROMÚ FIONTAR CHUN A CHUMASÚ DO NA DAOINE IS LAIGE SLÁINTE, LENA nÁIRÍTEAR DAOINE AOSTA, ROCHTAIN A BHEITH ACU AR CHUMHDACH ÁRACHAIS SLÁINTE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE MODH AR A nDÉANFAR AON RÓCHÚITEAMH DO GHNÓTHAIS CHLÁRAITHE NÓ d'IARGHNÓTHAIS CHLÁRAITHE A EASCRAÍONN AS NA CREIDMHEASANNA UM CHOITHROMÚ FIONTAR SIN A AISÍOC; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[26 Nollaig 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Árachais Míniú. Sláinte, 1994.

2.—Leasaítear alt 1A den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 1A den Phríomh-Acht.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Is é príomhchuspóir an Achte seo a chinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um choithromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa nó trí bhearta eile, nó trí aon teaglaim díobh sin a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go

páirteach ar stádas fiontar sláinte, ar aois nó ar ghnéas, aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin nó ar cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, agus á chur i gcuntas go háirithe chun críocha an chuspóra sin—

- (a) go méadaíonn ar riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar is laige sláinte iad, lena n-áirítear de réir mar a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu,
- (b) a inmhianaithe atá sé a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus idirghlúine, agus gan féachaint do stádas fiontar sláinte, nó d'aois, aon ghlúine ar leith (ná aon chuid di) nó do cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, go ndéanfadh daoine árachaithe ualach costas seirbhísí sláinte a chomhroinnt eatarthu trí shocrú a dhéanamh maidir le fóirdheontas costais idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltacht an chuspóra sin, go mbeidh rochtain, go háirithe, ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta, ar chumhdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar,
- (c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláraithe aonair agus ar fud an mhargaidh, agus
- (d) a thábhachtaí atá sé gnóthais chláraithe a chur ó bheith ag gabháil do chleachtais, nó ó chonarthaí árachais sláinte a thairiscint, cibé tríd an margadh árachais sláinte a dheighilt (trí cibé sás) nó ar shlí eile, a mbeidh mar chuspóir acu nó mar éifeacht leo fabhar a thabhairt do chumhdach a dhéanamh ag na gnóthais ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is láidre sláinte lena n-áirítear daoine óga, ar chumhdach a dhéanamh ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (2), trí “a shonraítear i bhfo-alt (1)” a scriosadh.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) sa mhíniú ar “rátáil phobail”, trí “a shonraítear in alt 1A(1)” a scriosadh,
 - (ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “préimh ghlan”:

“ciallaíonn ‘préimh ghlan’—

- (a) i ndáil le conradh árachais sláinte arna chur i gcrích ar feadh tréimhse seachas tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, an phréimh is iníoctha faoin gconradh i leith pearsa aonair in aon bhliain mheasúnachta—
 - (i) tar éis an asbhaint a dhéanamh as an bpréimh a bhfuil an phearsa aonair ina teideal, don bhliain mheasúnachta sin, de bhua alt 470 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus
 - (ii) tar éis an asbhaint (más ann) a dhéanamh as an bpréimh a bhfuil an phearsa aonair ina teideal, don bhliain mheasúnachta sin, de bhua alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (b) i ndáil le conradh árachais sláinte arna chur i gcrích ar feadh tréimhse dar tosach an 1 Eanáir, 2013 nó dá éis, an phréimh is iníoctha faoin gconradh i leith pearsa aonair in aon bhliain mheasúnachta—
 - (i) tar éis an asbhaint a dhéanamh as an bpréimh a bhfuil an phearsa aonair ina teideal, don bhliain mheasúnachta sin, de bhua alt 470 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus
 - (ii) á chur san áireamh an chuid (más ann) den phréimh a bhfuil an phearsa aonair i dteideal nach mbaileofar í ón sealbhóir polasaí lena mbaineann, don bhliain mheasúnachta sin, de bhua alt 11C(1);”,
- (iii) trí na mínithe ar “cothromú fiontar” agus “scéim” a scriosadh; agus
- (iv) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:
 - “ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ duine a cheapfar faoi alt 18E chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe;
 - folaíonn ‘cé chomh minic a sholáthraítear seirbhísí sláinte’ stair na n-éileamh árachais sláinte;
 - folaíonn ‘stádas fiontar sláinte’, i ndáil le haon duine (cibé tuairisc atá air nó uirthi), na nithe seo a leanas—
 - (a) úsáid seirbhísí ospidéal láithreach nó úsáid seirbhísí ospidéal is dócha a bheidh ann sa todhchaí, ag an duine,
 - (b) gnéaschlaonadh an duine, agus

A.3

[*Uimh. 45.*] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012. [2012.]

- (c) fulaingt nó fulaingt ionchasach an duine ó bhreiteacht nó riocht sláinte ainsealach eile nó ó bhreiteacht nó riocht sláinte de chineál áirithe;

ciallaíonn ‘príomhchuspóir’ an príomhchuspóir a shonraítear in alt 1A(1);

tá le ‘creidmheasanna um chothromú fiontar’ an bhrí a shanntar dó le halt 6A(1);

forléireofar ‘Scéim um Chothromú Fiontar’ de réir alt 11A;”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis an alt i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) San Acht seo—

- (a) folaíonn tagairt do ghalar tagairt do bhreiteacht, agus

- (b) folaíonn tagairt do bhreiteacht tagairt do ghalar.”.

Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht.

4.—Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “(nó, i gcás rialachán faoi alt 11E, don Údarás)” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”,
- (b) i bhfo-alt (3), trí “(seachas rialachán dá dtagraítear i bhfo-alt (4))” a scriosadh, agus
- (c) trí fho-alt (4) a scriosadh.

Cionta.

5.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 4:

“Cionta.

4.—(1) Aon duine a sháraíonn foráil den Acht seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a sháraíonn foráil de rialachán faoin Acht seo a ndeirtear gur pian-rialachán é, beidh sé nó sí ciontach i gcion, agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a leanann, tar éis a chiontaithe nó a ciontaithe i gcion faoi fho-alt (1) nó (2), den fhoráil lena mbaineann a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion gach lá a leantar den sárú, agus dlífeair, in aghaidh gach ciona den sórt sin—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme E, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000, a chur air nó uirthi.

(4) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe, agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion, agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne, agus é nó í a phionósú, amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(5) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, tá feidhm ag *fo-alt (4)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta, amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(6) Féadfaidh an tÚdarás imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh agus a ionchúiseamh.

(7) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir leis a thionscnamh—

(a) laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion, nó

(b) laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh an duine a thionscnaíonn na himeachtaí ar fhianaise a bheidh, ina thuairim, leordhóthanach leis na himeachtaí a bheith ann,

cibé acu is déanaí, ar choinníoll nach dtionscnófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(8) Chun críocha fho-alt (7)(b), beidh deimhniú a bheidh sínithe ag an duine, nó thar ceann an duine, a thionscnaíonn na himeachtaí i dtaobh an dáta ar tháinig sé nó sí ar fhianaise dá dtagraítear san fho-alt sin ina fhianaise ar an dáta sin agus,

maidir le doiciméad a airbheartaítear gur deimhniú é faoin bhfo-alt seo agus a bheith sínithe amhlaidh, measfar, in aon imeachtaí dlí, gur síníodh amhlaidh é agus glactar mar fhianaise é gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó gurb í a shínigh an deimhniú, mura suitear a mhalairt.

(9) Tar éis duine a chiontú i gcion faoin Acht seo, déanfaidh an chúirt, mura rud é gur deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a íoc leis an Údarás, ar costais agus caiteachais iad arna dtabhú ag an Údarás i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona.”.

(2) Tiofadh fo-alt (1) i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé leis an leasú ar an bPríomh-Acht, 30 lá tar éis an tAcht seo a rith.

6.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 6A:

“6A.—(1) Sa Chuid seo agus i Sceidil 3 agus 4—

forléireofar ‘breischumhdach’ de réir alt 11E(4);

ciallaíonn ‘aoisghrúpa’ aoisghrúpa mar a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi alt 7D, agus foláíonn sé aon aoisghrúpa, cibé acu is faoi threoir aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas nó nach ea:

- (a) aois faoi bhun aois shonraithe a bheith ag duine;
- (b) aois shonraithe nó aois os cionn aois den sórt sin a bheith ag duine ach an duine a bheith faoi bhun aois shonraithe eile; nó
- (c) aois shonraithe nó aois os cionn aois den sórt sin a bheith ag duine;

tá le ‘creidmheas cánach aoischoibhneasa’ an bhrí chéanna atá leis in alt 470B(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn ‘caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe’ caighdeáin chuntasaíochta atá de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo sa Stát;

tá le ‘conradh láithreach athraithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 7AB(2)(a);

ciallaíonn ‘glantionchar airgeadais carnach’, i ndáil le gnóthas cláraithe nó le hiarghnóthas cláraithe a thug faisnéis don Údarás faoi alt 7F(1) i leith tréimhse, an difríocht idir—

- (a) méid iomlán na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa agus na gcreidmheasanna um chothromú fiontar arna dtaifeadh i gcuntais don ghnóthas sin i leith na tréimhse sin arna bhaint as an bhfaisnéis sin ag an ngnóthas i leith na tréimhse sin, agus

- (b) méid iomlán na dleachta stampa dá dtagraítear in alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus a taifeadadh i gcuntais don ghnóthas sin i leith na tréimhse sin arna bhaint as an bhfaisnéis sin ag an ngnóthas i leith na tréimhse sin;

tá le ‘dréacht-tuarascáil’ an bhrí a shanntar dó le halt 7F(7);

ciallaíonn ‘Ciste’ an Ciste um Chothromú Fiontar a bhunaítear faoi alt 11D;

ciallaíonn “creidmheas úsáide leapa ospidéil” an méid iomchuí is iníoctha as an gCiste i leith gach fanachta in ospidéal, an 31 Márta 2013 nó dá éis, lena ngabhann fanacht thar oíche i leaba ospidéil faoi chóiríocht ospidéil phríobháideach ag duine árachaithe, i gcás gur duine den sórt sin an duine árachaithe faoi chonradh árachais sláinte ar le haghaidh tréimhse ar bith dar tosach an 31 Márta 2013, nó dá héis, a cuireadh i gcrích é;

ciallaíonn ‘tuairisceán faisnéise’ tuairisceán faisnéise dá dtagraítear in alt 7D(1);

‘forléireofar ‘neamh-bhreichumhdach’ de réir alt 11E(4);

ciallaíonn ‘deimhneach’, i ndáil leis an nglantionchar airgeadais carnach ar ghnóthas cláraithe nó ar iarghnóthas cláraithe a rinne tuairisceán faisnéise amháin nó níos mó a chur faoi bhráid an Údaráis i leith tréimhse, gur mó don tréimhse sin agus don ghnóthas sin, an méid a shonraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘glantionchar airgeadais carnach’ san fho-alt seo ná an méid a shonraítear i mír (b) den mhíniú sin;

ciallaíonn ‘cóiríocht ospidéil phríobháideach’—

- (a) cóiríocht in ospidéal príobháideach, cibé acu ar leaba nó nach ea, nó
- (b) cóiríocht in ospidéal a mhaoinítear go poiblí ar leaba atá ainmnithe, de bhun Airteagal (8)(i) de na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte (Othair Chónaithe), 1991 (I.R. Uimh. 135 de 1991), mar leaba phríobháideach ainmnithe;

ciallaíonn ‘méid iomchuí’, i ndáil leis an míniú ar ‘creidmheas úsáide leapa ospidéil’ san alt seo agus le duine árachaithe dá dtagraítear sa mhíniú sin, an ceann is lú díobh seo a leanas:

- (a) an méid a shonraítear i Sceideal 3 chun críocha an mhínithe sin arna iolrú faoin méid oícheanta a d’fhan an duine árachaithe faoi chóiríocht ospidéil phríobháideach agus a thagann faoi réim an fhanachta san ospidéal lena mbaineann dá dtagraítear sa mhíniú sin;
- (b) comhshuim na sochar uile arna n-íoc faoin gconradh árachais sláinte lena mbaineann agus dá dtagraítear sa mhíniú sin i leith seirbhísí ospidéil d’othair chónaithe arna soláthar le linn an fhanachta san ospidéal lena mbaineann agus dá dtagraítear sa mhíniú sin ar an duine árachaithe;

tá le ‘conradh iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 125A(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999;

ciallaíonn ‘conradh iomchuí (breischumhdach)’ conradh iomchuí nach conradh iomchuí (neamh-bhreichumhdach);

ciallaíonn ‘conradh iomchuí (neamh-bhreichumhdach)’ conradh iomchuí a thagann faoi réim conradh iomchuí a shonraítear i rialacháin alt 11E mar chineál conartha iomchuí ar deimhin leis an Údarás ina leith faoin alt sin nach ndéantar foráil ann maidir le breischumhdach;

ciallaíonn ‘forálacha airgeadais iomchuí’—

- (a) an Scéim um Chothromú Fiontar,
- (b) alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, nó
- (c) alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

nó aon teaghlaim d’aon chuid den Scéim um Chothromú Fiontar (lena n-áirítear aon chomhforáil den Scéim) agus aon alt dá dtagraítear i mír (b) nó (c);

ciallaíonn ‘earnáil margaidh iomchuí’, i ndáil le tuairisceáin faisnéise arna dtabhairt don Údarás d’aon tréimhse 6 mhí dá dtagraítear in alt 7D(1), na gnóthais chláráithe nó na hiarghnóthais chláráithe go léir a thug na tuairisceáin sin;

tá le ‘tréimhse iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 7D(1)(b);

maidir le ‘creidmheasanna um chothromú fiontar’—

- (a) ciallaíonn sé, i ndáil le pearsa aonair atá árachaithe faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag gnóthas cláráithe d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir, 2013 nó dá éis—
 - (i) aon chreidmheasanna úsáide leapa ospidéil a bhfuil an duine aonair i dteideal go n-íocfar amhlaidh iad a íoc as an gCiste leis an ngnóthas thar ceann na pearsan aonair,
 - agus
 - (ii) an chuid (más ann) den phréimh is iníoctha faoin gconradh a íoc as an gCiste a bhfuil an duine aonair i dteideal go n-íocfar amhlaidh í de bhua alt 11C(1), agus
- (b) ciallaíonn sé, i ndáil le gnóthas den sórt sin agus le conradh den sórt sin—
 - (i) méid na gcreidmheasanna úsáide leapa ospidéil (más ann) dá dtagraítear i mír (a)(i), agus
 - (ii) méid an chuid (más ann) den phréimh is iníoctha agus dá dtagraítear i mír (a)(ii), is méid nach bhfuil bailithe aige ón sealbhóir polasaí de bhua alt 11C(1);

“ciallaíonn ‘cineál cumhdaigh’ conradh sonracha árachais sláinte lena ndéantar foráil maidir le sochair fhorordaithe a íoc, i gcás—

- (a) go bhfuil na sonraí a bhaineann leis an gconradh ar áireamh i gClár na gConarthaí Árachais Sláinte, nó
- (b) go raibh na sonraí a bhaineann leis an gconradh ar áireamh sa Chlár sin tráth ach, d'ainneoin nach bhfuil na sonraí sin ar áireamh sa Chlár sin a thuilleadh, go bhfuil sochair fhorordaithe iníoctha fós faoin gconradh.

(2) Déanfar brabús réasúnach a chinneadh faoi alt 7F(4)—

- (a) de réir Airteagal 33 de chreat an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnamh Stáit ar mhodh cúitimh seirbhíse poiblí (2011) (2012/C8/03)¹ (a bhfuil an téacs de leagtha amach mar áis tagartha i Sceideal 2), agus
- (b) de réir aon toska atá forordaithe mar thosca a fhéadfar a chur i gcuntas d'fhonn brabús réasúnach a chinneadh amhlaidh de réir an Airteagail sin.”.

7.—Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(a)—

- (i) i bhfomhír (i)(I), trí “60” a chur in ionad “31”, agus
- (ii) i bhfomhír (ii)(II), trí “a shonraítear in alt 1A(1)” a scriosadh,

agus

(b) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad míreanna (a) agus (b):

“(a) stádas fiontar sláinte, aois nó gnéas duine, nó cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar dó nó di, nó”.

8.—Leasaítear alt 7A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (4), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Leasú ar alt 7A den Phríomh-Acht.

“(b) go mbeidh an duine árachaithe tar éis conradh árachais sláinte a chur i gcrích roimhe sin le gnóthas comhaltais shrianta, nó gur ainmníodh ann é nó í.”.

9.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7AB:

Cineál nua conartha árachais sláinte a chur faoi bhráid an Údaráis, etc.

“7AB.—(1) Ní thairgfídh gnóthas cláraithe sa Stát cineál nua conartha árachais sláinte (agus ar neamhaird ar an gconradh a bheith tairgthe lasmuigh den Stát cheana féin ag an ngnóthas nó ag aon duine eile) mura rud é go mbeidh sampla den chonradh curtha faoi bhráid an Údaráis aige tráth nach déanaí ná 30 lá sula ndéanfaidh sé an tairiscint sin i gcéaduaire.

(2) Faoi réir fho-alt (3), ní athróidh gnóthas cláraithe in aon phonc ábhartha na sochair is iníoctha faoi chineál conartha árachais sláinte a thairgeann sé sa Stát mura rud é go bhfuil sampla den chonradh arna athrú amhlaidh (dá ngairtear

¹IOC 8/04, 11.01.2012, l. 15.

‘conradh láithreach athraithe’ san Acht seo) curtha faoi bhráid an Údaráis aige tráth nach déanaí ná 30 lá sula ndéanfaidh sé an t-athrú sin i gcéaduair.

(3) (a) Ní dhéanfaidh gnóthas cláraithe in aon bhliain féilire na sochair is iníoctha faoi chineál conartha iomchuí (neamh-bhreischumhdach) a thairgeann sé sa Stát a athrú sa chaoi go dtiocfaidh sé chun bheith ina chineál conartha iomchuí (breischumhdach) ach amháin—

(i) i gcás bhliain féilire 2013, le héifeacht ón 31 Márta 2013, agus

(ii) i gcás aon bhliana féilire dá héis, le héifeacht ón 1 Eanáir sa bhliain féilire sin dá héis.

(b) Ní dhéanfaidh gnóthas cláraithe in aon bhliain féilire na sochair is iníoctha faoi chineál conartha iomchuí (breischumhdach) a thairgeann sé sa Stát a athrú sa chaoi go dtiocfaidh sé chun bheith ina chineál conartha iomchuí (neamh-bhreischumhdach) ach amháin—

(i) i gcás bhliain féilire 2013, le héifeacht ón 31 Márta 2013, agus

(ii) i gcás aon bhliana féilire dá héis, le héifeacht ón 1 Eanáir sa bhliain féilire sin dá héis.

(4) Gan dochar d’alt 7(1)(a), féadfaidh gnóthas cláraithe athrú a dhéanamh ar an bpréimh is iníoctha as cineál conartha árachais sláinte a chur i gcrích más rud é go dtugann sé fógra i scríbhinn faoin athrú don Údarás 30 lá ar a laghad sula dtagann an t-athrú in éifeacht.

(5) D’ainneoin fho-alt (1), féadfaidh gnóthas cláraithe a bheith tar éis tairiscint a dhéanamh sa Stát chun conradh árachais sláinte de chineál áirithe a chur i gcrích agus a choimeád an tairiscint ar fáil ar feadh an 60 lá as a chéile, ar a laghad, a cheanglaítear le halt 7(1)(a)(i)(I) scor den tairiscint sin a dhéanamh sa Stát má thugann sé fógra i scríbhinn faoin scor don Údarás 30 lá ar a laghad sula mbeidh éifeacht leis an scor.

(6) Gan dochar d’oibriú fho-alt (5), maidir leis an bhfógra i scríbhinn a gceanglaítear go dtabharfaidh gnóthas cláraithe é don Údarás faoin bhfo-alt sin i leith scoir dá dtagraítear san fho-alt sin, féadfar é a thabhairt roimh dheireadh an 60 lá as a chéile dá dtagraítear san fho-alt sin.

(7) Ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (2) go (6) mar ní lena ndéanfar dochar do chonradh árachais sláinte den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (5) arna chur i gcrích sula dtagann an scor dá dtagraítear i bhfo-alt (5) in éifeacht agus, dá réir sin, leanfaidh an conradh de bheith ar marthain de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ar ar cuireadh i gcrích é.”

[2012.] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012.[*Uimh. 45.*]

11.—Leasaítear alt 7C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5)—

Leasú ar alt 7C den Phríomh-Acht.

(a) i mír (a), trí “den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a dhéanamh,” a chur in ionad “den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a dhéanamh, nó” agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) chun éileamh dá dtagraítear in alt 11C(2) a dhéanamh, nó”.

12.—Leasaítear alt 7D den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Leasú ar alt 7D den Phríomh-Acht.

“(b) an líon iomlán daoine, nó aicme díobh, arna n-árachú i ngach aoisghrúpa, próifíl inscne gach aoisghrúpa, agus cineál cumhdaigh gach aoisghrúpa, i leith na tréimhse iomchuí.”.

13.—Leasaítear alt 7E den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 7E den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a), trí fhomhíreanna (i) go (v) a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“(i) ar an meánfócaíocht éilimh árachais in aghaidh an duine árachaithe a rinne an earnáil margaidh iomchuí le linn na dtréimhsí iomchuí i leith an lín iomláin daoine, nó i leith lín iomláin aicme díobh, arna n-árachú, le linn na dtréimhsí iomchuí,

(ii) ar an meánfócaíocht éilimh árachais in aghaidh an duine árachaithe a rinne an earnáil margaidh iomchuí le linn na dtréimhsí iomchuí i leith foghrúpaí den líon iomlán daoine, nó de líon iomlán aicme díobh, arna n-árachú le linn na dtréimhsí iomchuí, i gcás go mbeidh sna foghrúpaí sin cibé teaglamacha de na grúpaí daoine árachaithe seo a leanas a chinnfidh an tÚdarás is iomchuí:

(I) daoine atá in aoisghrúpaí éagsúla;

(II) daoine de ghnéas difriúil;

(III) daoine a bhfuil cineálacha difriúla cumhdaigh acu;

(iii) ar úsáid leapacha ospidéal i leith gach grúpa agus foghrúpa dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) agus (ii), agus

(iv) ar ghlantionchar airgeadais na bhforálacha airgeadais iomchuí ar gach gnóthas cláraithe nó ar gach

iarghnóthas cláraithe le linn na dtréimhsí iomchuí, agus”,

agus

(ii) i mír (b)—

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) faoi réir fho-alt (1A), méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar a mheasfaidh an tÚdarás, tar éis aird a thabhairt ar an meastóireacht sin agus ar an anailís sin, ba ghá a thabhairt, faoin Scéim um Choithromú Fiontar do dhaoine atá árachaithe ag gnóthais chláraithe (seachas gnóthais comhaltais shrianta) ag féachaint don príomhchuspóir (a mhéid a bhaineann an príomhchuspóir le conarthaí iomchuí), don aidhm arb éard í íoc róchúitimh le gnóthas cláraithe nó le hiarghnóthas cláraithe faoi oibriú na bhforálacha airgeadais iomchuí (seachas alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a sheachaint, don aidhm arb éard í inmharthanacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus don aidhm arb éard í iomaíocht chóir oscailte a bheith sa mhargadh árachais sláinte, agus”,

agus

(II) i bhfomhír (iv)—

(A) trí “, tar éis féachaint don aidhm arb éard í nach mbeidh barrachas ag an gCiste ná easnamh ar an gCiste ó bhliain go bliain (arna ríomh trí chaighdeáin chuntasaíochta cheadaithe a úsáid)” a chur isteach i ndiaidh “a mheasfaidh an tÚdarás”, agus

(B) trí “ar an Stáitchiste” a scriosadh agus “ar an gCiste” a chur ina ionad,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1A) agus (2):

“(1A) Féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Údarás, a cheangal ar an Údarás aon tuarascáil a bheidh le tabhairt dó nó di de bhun mhír (b) d’fho-alt (1) a ullmhú, a mhéid a bhainfidh an tuarascáil le fomhír (iii) den mhír sin—

- (a) i gcás creidmheasanna úsáide leapa ospidéil, ar bhonn an mhéid a shonraítear san fhógra, nó ar bhonn an mhéid a shonraítear i Sceideal 3, nó iad araon,
- (b) ar bhonn na n-aicmí daoine árachaithe a shonraítear san fhógra, nó ar bhonn na n-aicmí daoine árachaithe a shonraítear i gcolún 1 de Thábla 2 a leagtar amach i Sceideal 4, nó iad araon,

(2) Déanfaidh an tAire an méid seo—

- (a) ar an gcéad ásc, tar éis aird a thabhairt—
 - (i) ar an bpríomhchuspóir (a mhéid a bhaineann an príomhchuspóir le conarthaí iomchuí),
 - (ii) ar thuarascáil ar bith a thugtar dó nó di de bhun fho-alt (1)(b),
 - (iii) ar an aidhm arb éard í íoc róchúitimh le gnóthas cláraithe nó le hiarghnóthas cláraithe faoi oibriú na bhforálacha airgeadais iomchuí (seachas alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a sheachaint,
 - (iv) ar an aidhm arb éard í inmharthanacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil,
 - (v) ar an aidhm arb éard í iomaíocht chóir agus oscailte a bheith sa mhargadh árachais sláinte, agus
 - (vi) ar an gcuspóir nach mbeidh barrachas ag an gCiste ná easnamh ar an gCiste ó bhliain go bliain (arna ríomh trí chaighdeáin chuntasáochta cheadaithe a úsáid),
- (b) ar an dara hásc, tar éis na leasuithe (más ann) a chur i gcuntas ar mian leis nó léi iad a thairiscint ar na forálacha airgeadais iomchuí (seachas alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) ag féachaint don aird a thabharfar ar na nithe dá dtagraítear i mír (a) (agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na leasuithe sin de réir aon ní arna leagan amach sa tuarascáil dá dtagraítear i mír (a)(ii)), agus
- (c) ar an tríú hásc, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais faoi na leasuithe (más ann) dá dtagraítear i mír (b),

cibé moltaí a dhéanamh chuig an Aire Airgeadais i ndáil le halt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 is cú leis an Aire.”.

[Uimh. 45.] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012. [2012.]

Leasú ar alt 7F den
Phríomh-Acht.

14.—Leasaítear alt 7F den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfaidh gnóthas cláraithe nó iarghnóthas cláraithe, i leith gach bliana—

(a) ráiteas brabúis agus cailteanais a choimeád agus a thabhairt don Údarás (roimh 1 Aibreán sa chéad bhliain eile ina dhiaidh sin), i cibé foirm a shonróidh an tÚdarás, ar ráiteas é i leith na nithe seo a leanas—

(i) a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát, agus

(ii) cibé seirbhísí árachais sláinte eile a sholáthraíonn an gnóthas a fhorordófar,

(b) clár comhardaithe a choimeád agus a thabhairt don Údarás (roimh 1 Aibreán sa chéad bhliain eile ina dhiaidh sin), i cibé foirm a shonróidh an tÚdarás, ar clár é i leith na nithe seo a leanas—

(i) a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát, agus

(ii) cibé seirbhísí árachais sláinte eile a sholáthraíonn an gnóthas a fhorordófar,

agus

(c) cibé faisnéis eile maidir leis an mbliain a fhorordófar a thabhairt don Údarás (roimh 1 Aibreán sa chéad bhliain eile ina dhiaidh sin) agus, gan ginearáltacht an mhéid sin roimhe seo a theorannú, féadfaidh ráiteas brabúis agus cailteanais agus clár comhardaithe i leith a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát mar a bhaineann sé leis na daoine sin atá ag fáil creidmheasanna cánach aoischoibhneasa, i leith conarthaí árachais sláinte arna gcur i gcrích d’aon tréimhse roimh an 1 Eanáir 2013, nó atá ag fáil creidmheasanna um chothromú fiontar a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin.”

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (4):

“(4) (a) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir tar éis dheireadh 2012, cinneadh i dtaobh an bhrabúis ba bhrabús réasúnach do ghnóthas cláraithe i leith a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát i leith na tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí deireadh 2012.

(b) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is féidir tar éis dheireadh 2013, cinneadh i dtaobh an bhrabúis ba bhrabús réasúnach do ghnóthas cláraithe i leith a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát i leith na tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2011 go dtí deireadh 2013.

(c) Beidh feidhm ag mír (b), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le gach tréimhse iomchuí 3 bliana mar atá feidhm aici maidir leis an tréimhse 3 bliana dá dtagraítear sa mhír sin.”,

(c) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) a luaithe is féidir, déanfaidh sé cinneadh i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil glantionchar airgeadais carnach na bhforálacha iomchuí airgeadais ar ghnóthas cláraithe nó ar iarghnóthas cláraithe deimhneach ina leith seo a leanas—

(i) más infheidhme mír (a) d’fho-alt (4), an tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí deireadh 2012,

(ii) má infheidhme mír (b) d’fho-alt (4), an tréimhse ón 1 Eanáir 2011 go dtí deireadh 2013, nó

(iii) más infheidhme mír (c) d’fho-alt (4), an tréimhse ón 1 Eanáir den chéad bhliain den tréimhse iomchuí 3 bliana go dtí deireadh na bliana deiridh den tréimhse iomchuí 3 bliana,

lena mbaineann an fhaisnéis a thugtar dó faoi fho-alt (1) agus, más deimhneach, a mhéid dar deimhneach an glantionchar airgeadais carnach.”,

(d) i bhfo-alt (7)(e), (10) agus (11), trí “leis an gCiste” a chur in ionad “leis an Stáitchiste”, agus “don Chiste” a chur in ionad “don Stáitchiste” cibé áit a bhfuil siad, agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (13):

“(14) San alt seo—

ciallaíonn ‘gnó árachais sláinte iomchuí sa Stát’, i ndáil le gnóthas cláraithe nó iarghnóthas cláraithe, an oiread sin de ghnó árachais sláinte an ghnóthais a thagann faoi réim mhír (b) d’fho-alt (1) d’alt 7D tar éis fo-alt (5) den alt sin a chur i gcuntas;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí 3 bliana’—

(a) an tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí deireadh 2014,

(b) an tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí deireadh 2015,

(c) an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2016,

agus mar sin de do gach tréimhse 3 bliana dá héis.”.

[Uimh. 45.] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012. [2012.]

Leasú ar an
bPríomh-Acht.

15.—Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach tar éis alt 11:

“An Scéim um Chothromú Fiontar. 11A.—Is éard a bheidh san alt seo agus in ailt 11B go 11G, sna rialacháin faoi alt 11E, sna rialacháin faoi alt 11F, agus i Sceidil 3 agus 4, scéim (ar a dtabharfar ‘an Scéim um Chothromú Fiontar’) chun cabhrú leis an bpríomhchuspóir a bhaint amach.

An Scéim um Chothromú Fiontar a fheidhmiú. 11B.—(1) Faoi réir fho-alt (2), beidh feidhm ag an Scéim um Chothromú Fiontar maidir leo seo a leanas—

(a) gach gnóthas cláraithe, agus

(b) gach gnóthas atá scortha de bheith ina ghnóthas cláraithe ach a bhí ina ghnóthas cláraithe tráth ar bith nuair a bhí an Scéim i bhfeidhm.

(2) Ní bheidh feidhm ag an Scéim um Chothromú Fiontar maidir le gnóthas comhaltais shrianta.

(3) Ní bheidh feidhm ag an Scéim um Chothromú Fiontar maidir leis an oiread sin de ghníomhaíochtaí gnóthais chláráithe arb éard atá ann conarthaí árachais sláinte a chur i gcrích, más rud é, i gcás conradh den sórt seo—

(a) nach ndéanfar foráil ann, cibé acu as féin nó arna fhorléiriú le haon chonradh árachais sláinte eile ar conradh nasctha nó conradh gaolmhar é, maidir le híocaíochtaí slánaíochta othar cónaithe a dhéanamh, nó

(b) nach mbaineann sé ach leis na muirir laethúla ospidéal phoiblí d’othair chónaithe arna ndéanamh faoi na Rialacháin Sláinte (Muirir d’Othair Chónaithe), 1987 (I.R. Uimh. 116 de 1987).

Creid-
mheasanna um
chothromú
fiontar a fócas
an gCiste.

11C.—(1) (a) I gcás go ndéanann gnóthas cláraithe, roimh an 31 Márta 2013, conradh iomchuí a chur i gcrích d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013, nó dá héis, ní dhéanfaidh sé, i leith gach duine árachaithe a thagann faoi réim aicme duine árachaithe a shonraítear i gcolún 1 de Thábla 1 a leagtar amach i Sceideal 4, an chuid sin den phréimh is iníoctha a bhailiú ón sealbhóir polasaí (nó, más ina tráthchodanna is iníoctha an phréimh sin, ní dhéanfaidh sé í a bhailiú *pro rata* amhlaidh as na tráthchodanna) i leith cumhdach árachais sláinte a sholáthar faoin gconradh sin don duine sin—

- (i) agus atá comhionann leis an méid (más ann) a shonraítear i gcolún 2 den Tábla sin os coinne na haicme duine árachaithe sin, agus
 - (ii) ar an mbonn gur as an gCiste is iníoctha an chuid sin den phréimh atá iníoctha.
- (b) I gcás go ndéanann gnóthas cláraithe, an 31 Márta 2013 nó dá éis, conradh iomchuí a chur i gcrích d'aon tréimhse dar tosach an dáta sin nó tráth dá éis, ní dhéanfaidh sé, i leith gach duine árachaithe a thagann faoi réim aicme duine árachaithe a shonraítear i gcolún 1 de Thábla 2 a leagtar amach i Sceideal 4, an chuid sin den phréimh is iníoctha a bhailiú ón sealbhóir polasaí (nó más ina tráthchodanna is iníoctha an phréimh sin, ní dhéanfaidh sé í a bhailiú *pro rata* amhlaidh as na tráthchodanna) i leith cumhdach árachais sláinte a sholáthar faoin gconradh sin don duine sin—
- (i) agus atá comhionann leis an méid (más ann) a shonraítear i gcolún 2 den Tábla sin os coinne na haicme duine árachaithe sin, agus
 - (ii) ar an mbonn gur as an gCiste is iníoctha an chuid sin den phréimh atá iníoctha.

(2) Féadfaidh gnóthas cláraithe nó iarghnóthas cláraithe, de réir na rialachán faoi alt 11F, éileamh a dhéanamh chun an Údarás go n-íocfaí leis méid atá comhionann lena chreidmheasanna um chothromú fiontar don tréimhse lena mbaineann an t-éileamh.

(3) I gcás go bhfaigheann an tÚdarás éileamh dá dtagraítear i bhfo-alt (2) ó ghnóthas cláraithe nó ó iarghnóthas cláraithe sin, déanfaidh sé, de réir na rialachán faoi alt 11F, an méid is deimhin leis an Údarás atá iníoctha amhlaidh a íoc as an gCiste leis an ngnóthas, de réir na Scéime um Choithromú Fiontar, i leith na gcreidmheasanna um choithromú fiontar lena mbaineann an t-éileamh.

(4) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim (de réir bhrí alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) faisnéis maidir leis na méideanna dleachta stampa arna n-íoc ag gnóthais chláraithe nó iarghnóthais chláraithe de bhun alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, a nochtadh don Údarás, ar iarraidh a fháil ón Údarás, d'fhonn cabhrú leis an Údarás a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

An Ciste um
Chothromú
Fiontar.

11D.—(1) Déanfaidh an tÚdarás ciste a bhunú, a riaradh agus a chothabháil, ar a dtabharfar an Ciste um Chothromú Fiontar (dá ngairtear ‘an Ciste’ san Acht seo).

(2) Déanfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas a oscailt agus a chothabháil—

(a) faoi réir mhír (b), cuntas (dá ngairtear ‘cuntas reatha’ san Acht seo) le haghaidh an airgid go léir a íocfar isteach sa Chiste, agus

(b) cuntas (dá ngairtear ‘cuntas infheistíochta’ san Acht seo) le haghaidh cibé airgid (más ann) nach gá láithreach chun críocha an chuntais reatha.

(3) Féadfaidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ar iarraidh a fháil ón Údarás agus thar ceann an Údaráis, airgead (más ann) a infheistiú i gcuntas infheistíochta an Chiste agus déanfar aon ioncam, caipiteal nó sochar eile a gheofar i leith airgid a bheidh infheistithe faoin bhfo-alt seo, a íoc isteach sa chuntas infheistíochta nó a infheistiú faoin bhfo-alt seo de réir mar a ordóidh an tÚdarás.

(4) Faoi réir fho-alt (5), íocfar an méid seo a leanas isteach sa Chiste:

(a) gach dleacht stampa a íocfar, i leith conarthaí árachais sláinte a chuirfear i gcrích chun cumhdach árachais sláinte a sholáthar d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá héis, de bhua alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus

(b) aon airgead eile de chuid an Chiste nó a fhabhróidh chun an Chiste nó a gheobhaidh an tÚdarás ina leith (lena n-áirítear aon mhéid dá dtagraítear in alt 7F(10) nó i bhfo-alt (7)).

(5) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘cuntas speisialta’ an cuntas (más ann) a bhunófar faoi mhír (d).

(b) Féadfaidh an tAire, chun méid dóthanach airgid a choinneáil i gcuntas reatha an Chiste, ag féachaint do na suimeanna is iníoctha ón gcuntas reatha, a iarraidh ar an Aire Airgeadais airgead a airleacan chuig an gcuntas speisialta ón bPríomh-Chiste.

(c) Ceadóidh an tAire Airgeadais iarraidh faoi mhír (b), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sula ndéanfar aon

airgead a airleacan chuig an gcuntas speisialta de bhun iarrata faoin mír sin.

(d) Chun críocha airgid a dhéanfar a airleacan chuig cuntas reatha an Chiste de bhun iarrata faoi mhír (b), déanfar cuntas a bhunú—

(i) in ainm an Aire, agus

(ii) is cuntas leis an bPámháistir Ginearálta.

(e) Déanfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Aire Airgeadais, an cuntas speisialta a bhainistiú agus a rialú chun méid airgid a choinneáil i gcuntas reatha an Chiste is leor faoi chomhair na suimeanna is iníoctha ón gcuntas reatha sin.

(f) Aon uair nach leor an t-airgead a bheidh i gcuntas reatha an Chiste faoi chomhair na suimeanna is iníoctha ón gcuntas sin—

(i) íocfar isteach sa chuntas sin ó chuntas infheistíochta an Chiste, an t-airgead is gá faoi chomhair na suimeanna sin is iníoctha, agus

(ii) má tá easnamh fós ar chuntas reatha an Chiste faoi chomhair na suimeanna sin is iníoctha tar éis an t-airgead sa chuntas infheistíochta a íoc isteach ann, déanfar an t-airgead is gá faoi chomhair an easnaimh a íoc as an gcuntas speisialta isteach sa chuntas reatha.

(6) Íocfar an méid seo a leanas as an gCiste:

(a) méideanna is iníoctha le gnóthais chláráithe de bhua alt 11C(3);

(b) méideanna is iníoctha leis an bPríomh-Chiste chun airgead a íocadh isteach i gcuntas reatha an Chiste as an gcuntas speisialta a aisíoc;

(c) costais, muirir agus caiteachais a thabhaítear le linn an Ciste a chothabháil, a chosaint, a riaradh agus a úsáid; agus

(d) suimeanna eile is iníoctha go cuí as an gCiste.

(7) I gcás go dtagann sé ar iúl an Údaráis go ndearnadh íocaíocht (lena n-áirítear cuid ar bith di), ar cibé cúis, as an gCiste le gnóthas cláráithe nó le hiarghnóthas cláráithe, nach bhfuil de réir

an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás an méid lena mbaineann a ghnóthú—

- (a) mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón ngnóthas cláraithe nó ón iarghnóthas cláraithe lena mbaineann, nó
- (b) tríd an méid sin a bhaint as aon íocaíocht as an gCiste atá dlite ar shlí eile don ghnóthas cláraithe nó don iarghnóthas cláraithe lena mbaineann.

(8) Coinneoidh an tÚdarás gach cuntas is cuí agus is gnách ar gach airgead a íoctar isteach sa Chiste agus ar eisíocaíochtaí as an gCiste, lena n-áirítear na nithe seo a leanas—

- (a) cuntas ioncaim agus caiteachais,
- (b) ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- (c) clár comhardaithe.

(9) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Údaráis, déanfaidh an tÚdarás—

- (a) cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh, agus
- (b) cóip d'achomaireacht de na cuntais arna n-iniúchadh amhlaidh maille le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an gcéanna a chur faoi bhráid an Aire.

(10) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar cóipeanna den 2 dhoiciméad dá dtagraítear i bhfo-alt (9)(b) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis don Údarás na doiciméid a chur faoina bhráid nó faoina bráid.

(11) Le linn dáileadh a dhéanamh ar shócmhainní gnóthais chláraithe nó iarghnóthais chláraithe is cuideachta a bheidh á foirceannadh, áireofar ar na fiacha a bheidh le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile faoi alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, gach méid is iníoctha leis an gCiste de bhua alt 7F(10) nó fho-alt (7), agus forléireofar Acht na gCuideachtaí, 1963 dá réir sin.

An tÚdarás do shonrú conarthaí áirithe árachais sláinte mar chonarthaí nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leo.

11E.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, roimh an 1 Eanáir 2013—

- (a) ar an gcéad ásc, gach cineál conartha iomchuí atá á thairiscint sa Stát a mheas agus a anailísiú d'fhonn a fhionnadh, chun sástacht an Údaráis, an amhlaidh nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus

(b) ar an dara hásc, más deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin—

(i) a shonrú le rialacháin gur deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus

(ii) tar éis dó na rialacháin sin a dhéanamh, sonraí a thaifeadadh i gClár na gConarthaí Árachais Sláinte chun a thaispeáint go bhfuil an cineál conartha iomchuí sin sonraithe amhlaidh mar chonradh nach ndéantar foráil leis maidir le cumhdach forbartha.

(2) I gcás go gcuirfear sampla de chineál nua conartha iomchuí faoi bhráid an Údaráis faoi alt 7AB(1), déanfaidh an tÚdarás, roimh dheireadh 30 lá tar éis an sampla a chur faoina bhráid amhlaidh—

(a) ar an gcéad ásc, an cineál nua conartha iomchuí a mheas agus a anailísiú d'fhonn a fhionnadh, chun sástacht an Údaráis, an amhlaidh nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus

(b) ar an dara hásc, más deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin—

(i) a shonrú le rialacháin gur deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus

(ii) tar éis dó na rialacháin sin a dhéanamh, sonraí a thaifeadadh i gClár na gConarthaí Árachais Sláinte chun a chur in iúl go bhfuil an cineál conartha iomchuí sin sonraithe amhlaidh mar chineál conartha nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis.

(3) I gcás go ndéanfar conradh láithreach athraithe is conradh iomchuí a chur faoi bhráid an Údaráis faoi alt 7AB(2), déanfaidh an tÚdarás, roimh dheireadh 30 lá tar éis an conradh láithreach athraithe a chur faoina bhráid amhlaidh—

(a) ar an gcéad ásc, an cineál sin conartha iomchuí a mheas agus a anailísiú d'fhonn a fhionnadh, chun sástacht an

Údaráis, an amhlaidh nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus

- (b) ar an dara hásc, más deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis an gcineál conartha iomchuí sin—
 - (i) a shonrú le rialacháin gur deimhin leis an Údarás nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach forbartha leis an gcineál conartha iomchuí sin, agus
 - (ii) tar éis dó na rialacháin sin a dhéanamh, sonraí a thaifeadadh i gClár na gConarthaí Árachais Sláinte chun a chur in iúl go bhfuil an cineál conartha iomchuí sin sonraithe amhlaidh mar chineál conartha nach ndéantar foráil maidir le breischumhdach leis.

(4) Chun críocha an Achta seo—

- (a) aon chonradh iomchuí lena soláthraítear cumhdach árachais sláinte—
 - (i) ar 66 faoin gcéad ar a mhéid den chostas iomlán ar mhuirir ospidéil in ospidéal príobháideach, nó
 - (ii) ar mhéideanna nach mó ná na híocaíochtaí íosta forordaithe de réir bhrí na Rialachán um an Acht Árachais Sláinte, 1994 (Sochar Íosta), 1996 (I.R. Uimh. 83 de 1996),

cibé acu is mó, is conradh iomchuí é lena ndéantar socrú maidir le neamh-bhreisumhdach, agus
- (b) is conradh iomchuí lena ndéantar socrú maidir le breischumhdach aon chonradh iomchuí eile,

agus forléireofar dá réir sin aon tagairtí san Acht seo do ‘neamh-bhreisumhdach’ agus do ‘breischumhdach’.

Rialacháin scéime.

11F.—Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh a bhainfidh le héilimh dá dtagraítear in alt 11C(2) a dhéanamh agus a chinneadh, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—

- (a) na tréimhsí íosta nó uasta, nó iad araon, a bhféadfaidh baint a bheith ag na héilimh, nó ag aicme de na héilimh, leo,

- (b) na tuairisceáin faisnéise a bheidh le tabhairt ag gnóthais chláráithe nó iarghnóthais chláráithe don Údarás i leith conarthaí iomchuí, nó aicme conarthaí iomchuí, arna dtairiscint nó arna ndéanamh acu,
- (c) gnóthas cláráithe nó iarghnóthas cláráithe do sholáthar faisnéise eile is faisnéis a theastaíonn ón Údarás i leith éilimh áirithe nó aicme éileamh áirithe, agus
- (d) an tÚdarás do dhéanamh fiosruithe agus gnóthais chláráithe nó iarghnóthais chláráithe do choimeád taifead, i leith éileamh nó aicme éileamh.

Cumhacht chun foirm doiciméad a shonrú chun críocha na Scéime um Chothromú Fiontar.

11G.—(1) Féadfaidh an tÚdarás foirm doiciméad (lena n-áirítear foirm éilimh dá dtagraítear in alt 11C (2)) is gá chun críocha na Scéime um Chothromú Fiontar a shonrú de réir mar is cúí leis an Údarás.

(2) Féadfar cumhacht an Údaráis faoi fho-alt (1) a fheidhmiú ar shlí a fhágfaidh—

- (a) go n-áireofar i bhfoirm shonraithe aon doiciméid dá dtagraítear san fho-alt sin dearbhú reachtúil—
 - (i) a bheidh le déanamh ag an duine a chomhlánóidh an fhoirm, agus
 - (ii) i dtaobh na sonraí san fhoirm a bheith fíor cruinn a mhéid is fearr is eol don duine sin agus a chreideann sé nó sí,

agus

- (b) go sonrúfar 2 fhoirm nó níos mó d'aon doiciméad dá dtagraítear san fho-alt sin, cibé acu mar roghanna, nó chun socrú a dhéanamh le haghaidh imthosca áirithe nó cásanna áirithe, de réir mar is cúí leis an Údarás.

(3) Maidir le foirm doiciméid arna sonrú faoin alt seo—

- (a) is de réir cibé ordachán agus treoracha a shonrófar sa doiciméad a chomhlánófar í,
- (b) beidh ag gabháil léi cibé doiciméid eile a shonrófar sa doiciméad, agus
- (c) má cheanglaítear an doiciméad comhlánaithe a sholáthar—
 - (i) don Údarás,

(ii) do dhuine eile thar ceann an Údaráis, nó

(iii) d'aon duine eile,

soláthrófar í amhlaidh ar an modh (más ann) a shonrófar sa doiciméad.”.

Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht. **16.**—Leasaítear alt 17(4) den Phríomh-Acht trí “(ach gan íocaíochtaí dá dtagraítear in alt 12(4)(a)(ii) a áireamh)” a scriosadh.

Oifigigh údaraithe a cheapadh agus cumhachtaí oifigeach údaraithe. **17.**—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid IIIA:

“CUID IIIB

Oifigigh údaraithe don Údarás. **18E.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha fhorálacha uile nó aon cheann d'fhorálacha an Achta seo (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo) is cuí leis agus féadfar a shonrú gur ceapachán ar feadh tréimhse shocraithe ceapachán den sórt sin.

(2) Tabharfar barántas ceapacháin do gach oifigeach údaraithe a cheapfar faoin alt seo agus déanfaidh sé nó sí, an tráth a bheidh aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó faoi á feidhmiú aige nó aici, an barántas ceapacháin nó cóip de a thabhairt ar aird d'aon duine dá ndéantar difear má iarrann an duine sin air nó uirthi é.

(3) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo mar oifigeach údaraithe—

(a) má dhéanann an tÚdarás an ceapachán a chúlghairm,

(b) más ar feadh tréimhse socraithe an ceapachán, ar éag don tréimhse sin, nó

(c) i gcás an duine a cheapfar do scor de bheith de bheith ina fostaí nó ina fostaí, ina ghníomhaire nó ina gníomhaire, don Údarás.

Cumhachtaí oifigeach údaraithe. **18F.**—(1) Féadfar na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú i leith aon ghnóthais chláraithe, nó i leith aon iarghnóthais chláraithe chun na gcríoch seo a leanas—

(a) forfheidhmiú fhorálacha an Achta seo a áirithiú (lena n-áirítear rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo), nó

(b) a chumasú don Aire nó don Údarás, nó cabhrú leis nó léi, nó leis an Údarás, ceann ar bith dá gcuid feidhmeanna

faoi seach faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh oifigeach údaraithe gach ní nó aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh:

- (a) faoi réir fho-alt (3), gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh, a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil aon leabhair, taifid nó doiciméid eile i ndáil le heisiúint aon chonartha árachais sláinte, nó i ndáil le préimh ar bith a ghlacadh i leith conradh árachais sláinte, á gcoinneáil, agus an t-áitreabh agus na leabhair, na taifid nó na doiciméid eile sin san áitreabh, a chuardach agus a iniúchadh;
- (b) aon áitreabh nó aon chuid d'áitreabh ina bhfuil leabhair, taifid nó doiciméid eile á gcoinneáil, nó a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil leabhar, taifid nó doiciméid eile den sórt sin á gcoinneáil a dhaingniú lena n-iniúchadh níos faide anonn;
- (c) a cheangal ar aon duine lena mbaineann an t-alt seo, nó ar aon duine atá fostaithe ag an duine sin, na leabhair, na taifid nó na doiciméid eile sin, a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe, agus i gcás faisnéise i bhfoirm neamh-inléite, í a atáirgeadh i bhfoirm inléite, nó cibé faisnéis nó míniú a theastóidh le réasún ón oifigeach i ndáil le haon iontrálacha sna leabhair, sna taifid nó sna doiciméid eile sin a thabhairt don oifigeach;
- (d) aon leabhair, doiciméid, sonraí (de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003) nó doiciméid eile i cibé foirm a choimeádtar iad (lena n-áirítear, i gcás faisnéise i bhfoirm neamh-inléite, cóip den fhaisnéis sin, nó sliocht aisti, i mbuanfhoirm inléite) a gheobhaidh an t-oifigeach nó a thabharfar ar aird don oifigeach i gcúrsa iniúchta a iniúchadh nó cóipeanna díobh nó sleachta astu a thógáil, nó iad a thógáil chun siúil ar feadh tréimhse réasúnach le haghaidh tuilleadh scrúdaithe;
- (e) a cheangal ar aon duine lena mbaineann an t-alt seo nó ar aon duine atá fostaithe ag an duine sin cibé faisnéis a thabhairt don oifigeach údaraithe a theastóidh ón oifigeach le réasún i

ndáil le haon iontrálacha sna leabhair, sna taifid nó sna doiciméid eile sin;

- (f) a cheangal ar aon duine lena mbaineann an t-alt seo aon fhaisnéis a thabhairt don oifigeach údaraithe a theastóidh ón oifigeach údaraithe maidir leis an ngnó nó maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann nó maidir leis na daoine a sheolann an gnó nó an ghníomhaíocht sin nó atá fostaithe i dtaca leis sin;
- (g) a cheangal ar aon duine a úsáideann nó a d'úsáid trealamh sonraí nó a n-úsáidtear nó ar úsáideadh trealamh sonraí thar a cheann nó thar a ceann nó aon duine a bheidh i bhfeighil an trealaimh sonraí nó aon ghairis nó ábhair ghaolmhair nó a mbeidh baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an chéanna, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe i ndáil leis sin;
- (h) aon duine eile atá fostaithe i dtaca leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht lena mbaineann a ghairm, aon tráth réasúnach, chun aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe maidir leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht sin a thabhairt don oifigeach agus aon leabhair, taifid nó doiciméid eile atá faoi chumhacht nó faoi urláimh an duine sin a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe;
- (i) a cheangal ar aon duine atá fostaithe san áitreabh lena mbaineann tuarascáil a ullmhú ar ghnéithe den ghnó a shonróidh an t-oifigeach údaraithe nó ar ghníomhaíochtaí duine lena mbaineann an t-alt seo nó míniú a thabhairt ar iontrálacha in aon leabhair, taifid, doiciméid nó ábhair eile a thabharfar.

(3) Seachas le toiliú an áititheora, ní rachaidh oifigeach údaraithe, isteach i dteaghais phríobháideach mura mbeidh barántas faighte aige nó aici arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Dúiche faoi fho-alt (8) lena n-údarófar an dul isteach sin.

(4) Aon duine a mbeidh aon leabhair, taifid nó doiciméid eile dá dtagraítear i bhfo-alt (2) faoina chumhacht nó faoina cumhacht, ina sheilbh nó ina seilbh, nó ar fáil aige nó aici—

- (a) tabharfaidh sé nó sí ar aird iad ar iarraidh a fháil ó oifigeach údaraithe agus ceadóidh sé nó sí don oifigeach údaraithe iad a iniúchadh agus

cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu,

- (b) tabharfaidh sé nó sí, ar iarraidh a fháil ó oifigeach údaraithe, aon fhaisnéis a theastóidh le réasún i ndáil leo, agus
- (c) tabharfaidh sé nó sí d'oifigeach údaraithe cibé cúnaimh agus faisnéis eile a bheidh réasúnach sna himthosca.

(5) I gcás aon duine a gceanglófar air nó uirthi leabhar, taifead nó doiciméad eile a thabhairt ar aird d'éileamh liain ar an gcéanna, is gan dochar don lian a thabharfar ar aird é.

(6) Maidir leis an dualgas aon fhaisnéis, doiciméad, ábhar nó míniú a thabhairt ar aird nó a sholáthar, bainfidh sé freisin le scrúdaitheoir, leachtaitheoir, glacadóir, sannaí oifigiúil, nó le haon duine arb éard é nó í, nó arbh éard é nó í, oifigeach nó fostaí nó gníomhaire do dhuine lena mbaineann an t-alt seo, nó a ndéalraíonn sé don Aire, don Údarás nó don oifigeach údaraithe, go bhfuil an fhaisnéis, an doiciméad, an t-ábhar nó an míniú ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú aige nó aici.

(7) I gcás gur gá le hoifigeach údaraithe é, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith i dteannta oifigigh údaraithe, le linn dó nó di a bheith ag comhlíonadh aon chumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe leis an Acht seo.

(8) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach údaraithe go bhfuil forais réasúnacha amhais ann i dtaobh faisnéis a theastaíonn ó oifigeach údaraithe faoin alt seo a bheith á coimeád in aon áitreabh nó in aon chuid d'aon áitreabh, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe, agus oifigigh údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh, dul isteach san áitreabh le forneart réasúnach más gá, agus gach ceann nó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe faoin alt seo a fheidhmiú.

(9) Ní dhéanfaidh aon duine—

- (a) bac ná treampán a chur ar oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú cumhachta faoin alt seo,
- (b) faisnéis a thabhairt d'oifigeach údaraithe is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach, ná
- (c) gan leithscéal réasúnach, mainneachtain déanamh de réir iarrata a dhéanfaidh,

ná ceanglas a chuirfidh, oifigeach údaraithe faoin alt seo.

(10) (a) Má dhiúltaíonn aon oifigeach, fostaí, scairshealbhóir nó gníomhaire do dhuine lena mbaineann an t-alt seo aon leabhar nó doiciméad, a bhfuil sé de dhualgas air nó uirthi faoin alt seo é a thabhairt ar aird, a thabhairt ar aird d'oifigeach údaraithe nuair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh, nó má dhiúltaíonn sé nó sí comhoibriú le hoifigeach údaraithe nuair a cheanglófar air nó uirthi déanamh amhlaidh, nó má dhiúltaíonn sé nó sí aon cheist a chuirfidh oifigeach údaraithe air nó uirthi maidir le gnóthaí an duine lena mbaineann an t-alt seo a fhreagairt, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe an diúltú a dheimhniú faoina lámh don Ard-Chúirt.

(b) I gcás go ndeimhneofar diúltú don Ard-Chúirt, féadfaidh an Ard-Chúirt an cás a fhiosrú agus féadfaidh sí, tar éis di aon fhinnéithe a thabharfar ar aird i gcoinne nó thar ceann an oifigh, an fhostaí, an scairshealbhóra nó an ghníomhaire don duine lena mbaineann an t-alt seo agus aon ráiteas a thairgfear sa chosaint a éisteacht, aon ordú nó ordachán a dhéanamh is cuí léi.

(c) Féadfaidh a bheith ar áireamh in ordú nó ordachán a dhéanfar faoi mhír (b) ordachán don duine lena mbaineann freastal nó athfhreastal os comhair an oifigh údaraithe nó leabhair nó doiciméid áirithe a thabhairt ar aird nó ceist áirithe a chuirfidh an t-oifigeach údaraithe air nó uirthi a fhreagairt, nó ordachán nach gá don duine lena mbaineann leabhar nó doiciméad áirithe a thabhairt ar aird ná ceist áirithe a chuirfidh an t-oifigeach údaraithe air nó uirthi a fhreagairt.

(11) Ní dhéanfaidh duine a thabhairt le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é nó í.

(12) San alt seo—

folaíonn ‘gníomhaire’, i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo, daoine a bhí, chomh maith le daoine atá, ina ngníomhairí, agus folaíonn sé a chuid baincírí, cuntasóirí, aturnaetha, iniúcháirí agus a chuid comhairleoirí airgeadais agus comhairleoirí eile, cibé acu is oifigh nó daoine lena mbaineann an t-alt seo na daoine sin nó nach ea;

ciallaíonn ‘duine lena mbaineann an t-alt seo’ gnóthas dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

Ábhar dlíthiúil
faoi phribhléid.

18G.—(1) Faoi réir fho-alt (2), ní chuirfear le haon ní sa Chuid seo d’iallach ar aon duine ábhar dlíthiúil faoi phribhléid a nochtadh ná ní údarófar leis ábhar dlíthiúil faoi phribhléid a thógáil.

(2) Féadfar iallach a chur faisnéis a nochtadh, nó féadfar seilbh a ghlacadh ar fhaisnéis, de bhun chumhachtaí na Coda seo, d’ainneoin go dtuigtear gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis, ar choinníoll go gcuirtear iallach í a nochtadh nó go nglactar seilbh uirthi ar mhodh a fhágfaidh gur féidir rúndacht na faisnéise a chaomhnú (amhail i gcoinne an duine a chuirfidh iallach an fhaisnéis sin a nochtadh nó a ghlacfaidh seilbh uirthi) go dtí go gcinneadh an chúirt an tsaincheist i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(3) Gan dochar d’fho-alt (4), más rud é, sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2), go mbeidh faisnéis nochta nó go mbeidh seilbh glactha ar fhaisnéis de bhun na gcumhachtaí sa Chuid seo, déanfaidh an duine—

(a) dár nochtadh an fhaisnéis sin amhlaidh,
agus

(b) a ghlac seilbh ar an bhfaisnéis,

(mura ndearnadh, laistigh den tréimhse a luaitear ina dhiaidh seo san fho-alt seo, fógra i dtaobh iarratais faoi fho-alt (4) i ndáil leis an ní lena mbaineann a sheirbheáil ar an duine) iarratas chun na cúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis agus déanfar iarratas faoin bhfo-alt seo laistigh de 7 lá tar éis nochtadh na faisnéise nó tar éis seilbh a ghlacadh uirthi.

(4) Aon duine ar a gcuirtear iallach faisnéis a nochtadh nó aon duine óna nglacfar faisnéis atá ina sheilbh nó ina seilbh, sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2), de bhun na gcumhachtaí sa Chuid seo, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(5) Go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar iarratas faoi fho-alt (3) nó (4), féadfaidh an chúirt cibé ordacháin eatramhacha nó idirbhreitheacha is cuí leis an gcúirt a thabhairt, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearálacht an mhéid sin roimhe seo, ordacháin—

(a) maidir leis an bhfaisnéis a chaomhnú, go hiomlán nó go páirteach, in áit shlán shábháilte ar aon mhodh a shonróidh an chúirt,

(b) maidir le duine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha dlí agus ag a bhfuil an leibhéal taithí, agus an

neamhspleáchas ó aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an gcúirt a bheith cuí—

(i) chun an fhaisnéis a scrúdú, agus

(ii) chun tuarascáil a ullmhú don chúirt d'fhonn cuidiú leis an gcúirt, nó d'fhonn éascú di, a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(6) Is trí fhorarratas a dhéanfar iarratas faoi fho-alt (3), (4) nó (5) agus féadfar, má ordaíonn an chúirt amhlaidh, é a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(7) San alt seo—

ciallaíonn ‘cúirt’ an Ard-Chúirt;

ciallaíonn ‘faisnéis’ faisnéis atá i ndoiciméad, ar ríomhaire (lena n-áirítear eagraí pearsanta nó aon mheán leictreonach stórála nó aisghabhála faisnéise eile), nó in áit eile;

ciallaíonn ‘ábhar dlíthiúil faoi phribhléid’ faisnéis a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na cúirte, diúltú í a thabhairt ar aird ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.”.

Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht.

18.—Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) trí “le hailt 4(6), 7AC, 7D, 7E, 7F, 7G, 14, 15, 17 agus 18 agus Codanna IIIA agus IIIB” a chur in ionad “le hailt 7AC, 7D, 7E, 7F, 7G, 12, 14, 15, 17 agus 18 agus Cuid IIIA”, agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) an Scéim um Chothromú Fiontar a bhainistiú agus a riaradh.”.

Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht.

19.—Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “faoin Scéim um Chothromú Fiontar” a chur in ionad “faoi scéim”.

Aisghairm.

20.—Aisghairtear ailt—

(a) 12,

(b) 12A,

agus

(c) 33A,

den Phríomh-Acht.

21.—Leasaítear an Príomh-Acht (arna leasú leis an Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009), trí na Sceidil seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2:

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

“Alt 6A.

SCEIDEAL 2

CREAT AONTAIS EORPAIGH LE HAGHAIDH CÚNAIMH STÁIT AR MHODH CÚITIMH SEIRBHÍSE POIBLÍ (2011) (2012/C8/03)

(Téacs atá iomchuí maidir le LEE)

2012/C 8/03

1. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

1. Maidir le seirbhísí áirithe ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (SLECanna), chun go n-oibreoidh siad ar bhonn prionsabal, agus faoi dhálaí, a chumasaíonn dóibh a gcuid misean a chomhlíonadh, b'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht airgeadais ó na húdaráis phoiblí i gcás nach féidir na costais de thoradh na hoibleagáide seirbhíse poiblí a ghlanadh as ioncam a fhabhróidh as soláthar na seirbhíse.

2. Leanann sé de chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1] nach cúnaimh Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cúiteamh seirbhíse poiblí má chomhlíonann sé coinníollacha áirithe. I gcás go gcomhlíontar na coinníollacha sin, níl feidhm ag Airteagal 108 den Chonradh.

3. I gcás nach gcomhlíonfaidh cúiteamh seirbhíse poiblí na coinníollacha sin, agus a mhéid a shásaítear na critéir ghinearálta maidir le hinfheidhmitheacht Airteagal 107(1) den Chonradh, is cúnaimh Stáit cúiteamh den sórt sin agus beidh sé faoi réir Airteagail 106, 107, agus 108 den Chonradh.

4. Sa Teachtaireacht uaidh ar chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cúnaimh Stáit maidir le cúiteamh, arna dheonú chun seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar [3], tá na coinníollacha soiléirithe ag an gCoimisiún faoina measfar gur cúnaimh Stáit cúiteamh seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, ina Rialachán ón gCoimisiún ar chur chun feidhme Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cúnaimh *de minimis* arna dheonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne [4], leagfaidh an Coimisiún amach na coinníollacha faoinar cóir a

mheas nach ndéanfaidh méideanna beaga cúitimh seirbhíse poiblí difear don trádáil idir Ballstáit ná iomaíocht a shaobhadh nó nach baol dóibh iomaíocht a shaobhadh, nó nach ndéanfar ceachtar acu. Sna himthosca sin, ní thagann cúiteamh faoi Airteagal 107(1) den Chonradh agus, dá dhroim sin, ní thagann sé faoi réim an nóis imeachta um fhógra a ndéantar foráil maidir leis in Airteagal 108(3) den Chonradh.

5. Déantar in Airteagal 106(2) den Chonradh bonn dlíthiúil a chur ar fáil le haghaidh measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht cúnamh Stáit le haghaidh SLECanna. Deirtear ann go bhfuil gnóthais a bhfuil oibriú SLECanna ar n-iontaoibh, nó a bhfuil sainghné monaplachta táirgthe ioncaim acu, faoi réir na rialacha sa Chonradh, go háirithe faoi réir na rialacha maidir le hiomaíocht. Déantar foráil, áfach, le hAirteagal 106(2) den Chonradh maidir le heisceacht ó na rialacha atá sa Chonradh, a mhéid a chuirfeadh feidhmiú na rialacha iomaíochta, de réir dlí nó iarbhír, bac ar chomhlíonadh na dtascanna a shanntar. Níl feidhm ag an eisceacht seo ach amháin nuair nach ndéanfar difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a bheadh contrártha do leasanna an Aontais.

6. Déantar i gCinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún [5], maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme maidir le cúnamh Stáit ar mhodh cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear oibriú seirbhíse ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne ar a n-iontaoibh [6], na coinníollacha a leagan síos faoina measfar go bhfuil cineálacha áirithe cúitimh seirbhíse poiblí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airtigeal 106(2) den Chonradh, agus díolmhaithe ón gceanglas um fhógra roimh ré faoi Airteagal 108(3) den Chonradh.

7. Níl feidhm ag na prionsabail atá leagtha amach sa Teachtaireacht seo maidir le cúiteamh seirbhíse poiblí ach amháin a mhéid is cúnamh Stáit é nach dtagann faoi réim Chinneadh 2012/21/AE. Tá an cúiteamh sin faoi réir an cheanglais um fhógra roimh ré faoi Airteagal 108(3) den Chonradh. Sonraítear sa Teachtaireacht seo na coinníollacha faona bhféadfaí cinneadh a dhéanamh go bhfuil an cúnamh Stáit sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 106(2) den Chonradh. Cuirtear é in ionad an chreata Comhphobail maidir le cúnamh Stáit ar mhodh cúitimh seirbhíse poiblí é [7].

8. Tá feidhm ag na prionsabail atá leagtha amach sa Teachtaireacht seo maidir le cúiteamh seirbhíse poiblí i réimse an aeriompair agus an iompair mhuirí, gan dochar d'fhorálacha sonracha is déine atá i reachtaíocht earnála an Aontais. Níl feidhm acu maidir leis an earnáil iompair de thalamh, ná leis an earnáil craolacháin seirbhíse poiblí, a thagann faoi réim na Teachtaireachta ón

gCoimisiún i dtaobh rialacha a bhaineann le Cúnamh Stáit a chur chun feidhme maidir le craolachán seirbhíse poiblí [8].

9. Déanfar cúnaimh do sholáthraithe SLECanna atá i gcrúachás a mheasúnú faoi na treoirlínte ón gComhphobal maidir le cúnaimh Stáit chun gnólachtaí atá i gcrúachás a tharrtháil agus a athstruchtúrú [9].

10. Tá feidhm ag na prionsabail atá leagtha amach sa Teachtaireacht seo, gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) ceanglais a fhorchuirtear le dlí an Aontais i réimse na hiomaíochta (go háirithe Airteagail 101 agus 102 den Chonradh);

(b) ceanglais a fhorchuirtear le dlí an Aontais i réimse na fála poiblí;

(c) forálacha Threoir 2006/111/CE an 16 Samhain 2006 ón gCoimisiún maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir Ballstáit agus gnóthais phoiblí chomh maith le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe [10];

(d) ceanglais bhreise a thig as an gConradh nó as reachtaíocht eanála an Aontais.

2. COINNÍOLLACHA LENA RIALAÍTEAR COMHOIRIÚNACHT CÚITIMH SEIRBHÍSE POIBLÍ IS CÚNAMH STÁIT

2.1. Forálacha ginearálta

11. Ag an gcéim reatha ag a bhfuil forbairt an mhargaidh inmheánaigh, féadfar a dhearbhu go bhfuil cúnaimh Stáit nach dtagann faoi réim Chinneadh 2012/21/AE, comhoiriúnach le hAirtigeal 106(2) den Chonradh, má tá gá leis le haghaidh oibriú na seirbhíse lena mbaineann is seirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne agus nach ndéanfaidh sé difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a bheadh contrártha do leasanna an Aontais. Ní mór na coinníollacha atá leagtha amach in ailt 2.2 go 2.10 a chomhlíonadh d'fhonn an chothromaíocht sin a bhaint amach.

2.2. Seirbhís fhíorcheart ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne dá dtagraítear in Airteagal 106 den Chonradh.

12. Ní mór an cúnaimh a dheonú le haghaidh seirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne dá dtagraítear in Airtigeal 106(2) den Chonradh atá fíorcheart agus a bhfuil míniú ceart tugtha uirthi.

13. Ina Theachttaireacht ar fheidhm rialacha an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cúnaimh Stáit maidir le cúiteamh arna dheonú chun seirbhísí ar

mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar, tá an Coimisiún tar éis treoir a sholáthar maidir leis na ceanglais a bhaineann leis an míniú ar sheirbhísí a sholáthraítear ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne. Ní féidir le Ballstáit, go háirithe, oibleagáidí sonracha seirbhíse poiblí a chur ag gabháil le seirbhísí atá á soláthar cheana féin nó ar féidir iad a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, sainghnéithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, atá i gcomhréir le leas an phobail, arna mhíniú ag an Stát, ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh. Maidir leis an gceist i dtaobh ar féidir leis an margadh seirbhís a sholáthar, tá measúnacht ón gCoimisiún teoranta do sheiceáil a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh atá míniú an Bhallstáit curtha ó bhail de dheasca earráid shoiléir, mura soláthraítear caighdeán is déine le forálacha de dhlí an Aontais.

14. I dtaobh raon feidhme na bprionsabal atá leagtha amach sa Teachtaireacht seo, is cóir do Bhallstáit a thaispeáint go bhfuil siad tar éis na riachtanais seirbhíse poiblí a chur san áireamh go cuí agus gur tugadh tacú dó sin trí chomhchomhairliúchán poiblí nó trí ionstraimí cuí eile chun leasanna úsáidirí agus soláthraithe a chur i gcuntas. Níl feidhm ag an méid seo i gcás go bhfuil sé soiléir nach mbeidh de thoradh ar chomhchomhairliúchán nua cur le luach comhchomhairliúcháin a bhí ann le déanaí.

2.3. An gá atá le gníomh um chur ar iontaoibh lena sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna le cúiteamh a ríomh

15. Ní foláir an fhreagracht as oibriú an SLEC a chur ar iontaoibh an ghnóthais lena mbaineann trí ghníomh nó trí ghníomhartha, a bhféadfaidh gach Ballstát a fhoirm nó a bhfoirm a chinneadh. Folaíonn an téarma “Ballstát” na húdaráis lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla.

16. Ní foláir na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith ar áireamh sa ghníomh nó sna gníomhartha:

(a) ábhar na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus a ré;

(b) an gnóthas agus, más infheidhme, an chríoch lena mbaineann;

(c) cineál aon cheart eisiach nó speisialta arna sannadh don ghnóthas ag an údarás deonúcháin;

(d) an tuairisc ar an sásra cúitimh agus na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, chun faireachán a dhéanamh air, agus chun é a athbhreithniú; agus

(e) na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a ghnóthú.

2.4 Ré na tréimhse iontaoibhe

17. Is cóir bonn cirt a bheith faoi ré na tréimhse iontaoibhe faoi threoir critéar oibiachtúil amhail an gá atá ann sócmhainní dochta neamhinaistrithe a amúchadh. Ó phrionsabal, níor chóir go mbeadh ré na tréimhse iontaoibhe níos faide ná an tréimhse is gá do dhíluachadh na sócmhainní is suntasaí a bhfuil gá leo chun an SLEC a sholáthar.

2.5 Treoir 2006/111/CE a chomhlíonadh

18. Ní mheasfar cúnamh a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ach amháin i gcás go gcomhlíonfaidh an gnóthas, más infheidhme, Treoir 2006/111/CE [11]. Meastar go ndéanann cúnamh nach gcomhlíonann an Treoir sin difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a bheadh contrártha do leas an Aontais de réir bhrí Airteagal 106(2) den Chonradh.

2.6 Rialacha fála poiblí an Aontais a chomhlíonadh

19. Ní mheasfar cúnamh a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ach amháin i gcás go ndéanfaidh an t-údarás freagrach rialacha infheidhme an Aontais i réimse na fála poiblí a chomhlíonadh, nó go ngeallfaidh sé iad a chomhlíonadh, nuair a chuirfidh sé soláthar na seirbhíse ar iontaoibh an ghnóthais a bheidh i gceist, agus sa chás sin amháin. Folaíonn an comhlíonadh seo aon cheanglais maidir le trédhearcacht, cóir chomhionann agus neamhidirdhealú a thig go díreach as an gConradh, agus más infheidhme, as dlí tánaisteach an Aontais. Meastar go ndéanann cúnamh nach gcomhlíonann rialacha agus ceanglais den sórt sin difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a bheadh contrártha do leasanna an Aontais de réir bhrí Airteagal 106(2) den Chonradh.

2.7 Gan idirdhealú a bheith ann

20. I gcás go ndéanfaidh údarás soláthar an SLEC chéanna a shannadh do ghnóthais éagsúla, is cóir an cúiteamh a ríomh ar bhonn an mhodha chéanna i leith gach gnóthais.

2.8 An méid cúitimh

21. Ní ceart an méid cúitimh a bheith níos mó ná an méid is gá chun an glanchostas [12] a ghabhann leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, lena n-áirítear brabús réasúnach, a chumhdach.

22. Is féidir méid an chúitimh a shuíomh ar bhonn na gcostas agus na n-ioncam tuartha, nó na gcostas agus na n-ioncam a thabhaítear iarbhír, nó ar theaglaím den dá cheann, ag brath ar na dreasachtaí éifeachtúlachta is mian leis an

mBallstát a sholáthar ón tús, de réir mhíreanna 40 agus 41.

23. I gcás gur ar chostais agus ar ioncaim thuartha a bhunaítear an cúiteamh, go hiomlán nó go páirteach, ní foláir iad a shonrú sa ghníomh um chur ar iontaoibh. Ní foláir iad a bhunú ar pharaiméadair shochreidte shofheicthe maidir leis an timpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil an SLEC á soláthar. Ní foláir saineolas rialaitheoirí earnála, nó saineolas eintiteas eile neamhspleách ar an ngnóthas a bheith mar bhonn leo, mas cuí. Ní foláir do Bhallstáit na foinsí a chur in iúl a bhfuil na hionchais seo bunaithe orthu [13]. Ní foláir na gnóchain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil go mbainfidh soláthraí an SLEC amach iad thar ré na hiontaoibhe a bheith le feiceáil sa mheastachán costais.

An glanchostas is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh

24. An glanchostas is gá, nó a bhfuiltear ag súil ina leith gur gá é, chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, is cóir é a ríomh le modheolaíocht an ghlanchoistais sheachanta, i gcás go gceanglaítear é sin a dhéanamh le reachtaíocht an Aontais, nó le reachtaíocht náisiúnta, agus i gcásanna eile, nuair is féidir é sin.

Modheolaíocht an ghlanchoistais sheachanta

25. Faoi mhodheolaíocht an ghlanchoistais sheachanta, ríomhtar an glanchostas is gá, nó a bhfuiltear ag súil ina leith gur gá é, chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, tríd an difear a ríomh idir an glanchostas atá ar an soláthraí oibriú agus an oibleagáid seirbhíse poiblí air agus an glanchostas nó an brabús glan don soláthraí céanna as oibriú gan an oibleagáid sin a bheith air. Ní mór an aird chuí a thabhairt ar na costais a mheasúnú i gceart a bhfuiltear ag súil go seachnódh an soláthraí seirbhíse iad, agus ar na hioncaim a bhfuiltear ag ceapadh nach bhfaigheadh sé iad, mura mbeadh an oibleagáid seirbhíse poiblí ann. Is ceart na sochair, lena n-áirítear na sochair dholáimhsithe, a mhéid is féidir, do sholáthraí na SLECanna a mheasúnú le linn an glanchostas a ríomh.

26. Tá treoir níos mionsonraithe maidir leis an gcaoi le modheolaíocht an ghlanchoistais sheachanta a fheidhmiú in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2002/22/CE an 7 Márta 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhís uilechoiteann agus ceartha úsáidirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí [14], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 97/67/CE an 15 Nollaig 1997 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le comhrialacha chun margadh inmheánach seirbhísí poist an Chomhphobail a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú [15].

27. Cé gur dóigh leis an gCoimisiún gurb í modheolaíocht an ghlanchoistais sheachanta an modh is cruinne chun costas oibleagáide seirbhíse poiblí a chinneadh, féadfaidh cásanna a bheith ann nach féidir an mhodheolaíocht sin a úsáid nó nach cuí í a úsáid iontu. I gcásanna den sórt sin, más cóir cuí é, féadfaidh an Coimisiún glacadh le modhanna ailtéarnacha chun an glanchoistas a ríomh is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, amhail an mhodheolaíocht atá bunaithe ar leithroinnt costas.

Modheolaíocht atá bunaithe ar leithroinnt costas

28. Faoin modheolaíocht leithroinnte costas, is féidir an glanchoistas is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh a ríomh tríd an difríocht a ríomh idir na costais agus na hioncaim do sholáthraí ainmnithe maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, mar a shonraítear agus mar a mheastar sa ghníomh um chur ar iontaoibh.

29. Folaíonn na costais a bheidh le cur san áireamh na costais uile is gá chun an SLEC a oibriú.

30. I gcás nach mbaineann gníomhaíochtaí an ghnóthais atá i gceist ach leis an SLEC, féadfar a chostais uile a chur san áireamh.

31. I gcás go ndéanann an gnóthas gníomhaíochtaí nach dtagann faoi réim an SLEC freisin, féadfar maidir leis na costais a bheidh le cur san áireamh na costais dhíreacha uile is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh agus ranníoc cuí faoi chomhair na gcostas neamhdhíreach a bhaineann leis an SLEC agus le gníomhaíochtaí eile araon a chumhdach leo. Maidir leis na costais a bhaineann le haon gníomhaíochtaí nach dtagann faoi réim an SLEC ní mór na costais dhíreacha uile agus ranníoc cuí faoi chomhair na gcostas comhchoiteann a áireamh orthu. D'fhonn an ranníoc cuí faoi chomhair na gcostas comhchoiteann a chinneadh, féadfar glacadh le margadhphraghsanna ar na hacmhainní a úsáid, i gcás go mbeidh siad ar fáil, mar shlat tomhais [16]. Féadfar an ranníoc cuí faoi chomhair na gcostas comhchoiteann a chinneadh, d'éagmais margadhphraghsanna den sórt sin, faoi threoir leibhéal an bhrabúis réasúnaigh [17] a mbeifear ag súil go dtuillfidh an gnóthas é as na gníomhaíochtaí nach dtagann faoi réim an SLEC nó trí mhodheolaíochtaí eile i gcás gur mó is cuí iad.

Ioncam

32. Ní foláir, ar a laghad, an t-ioncam iomlán arna thuilleamh ón SLEC a bheith ar áireamh san ioncam atá le cur i gcuntas, arna shonrú sa ghníomh um chur ar iontaoibh, maille leis na brabúis iomarcacha a gineadh as cearta speisialta nó eisiacha fiú amháin má bhaineann siad le gníomhaíochtaí eile dá bhforáiltear i mír 45, is

cuma na brabúis iomarcacha sin a bheith aicmithe mar chúnamh Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh.

Brabús réasúnach

33. Is ceart a mheas go gciallaíonn brabús réasúnach an ráta toraidh ar chaipiteal [18] a theastódh ó chuideachta thipiciúil agus í ag déanamh breithniú i dtaobh cé acu an ndéanfadh sí, nó nach ndéanfadh sí, an tseirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar ar feadh ré iomlán an ghnímh um chur ar iontaoibh, agus an leibhéal priacail á chur i gcuntas. Is ar an earnáil lena mbaineann, ar an gcineáil seirbhíse agus ar shaintréithe an tsásra cúitimh a bheidh an leibhéal priacail ag brath.

34. I gcás gur ceart cuí é, féadfar táscairí ar leibhéal brabúis seachas an ráta toraidh ar chaipiteal a úsáid chun a chinneadh cá mhéid is ceart a bheith sa bhrabús réasúnach, amhail an meántoradh ar chothromas [19] i rith na tréimhse iontaoibhe, an toradh ar chaipiteal a úsáidtear, an toradh ar shócmhainní nó an toradh ar dhíolacháin.

35. Cibé táscaire a roghnaítear, ní foláir don Bhallstát fianaise a sholáthar don Choimisiún nach mó an brabús réamh-mheasta ná an brabús a theastódh ó chuideachta thipiciúil agus í ag déanamh breithniú i dtaobh cé acu an ndéanfaidh sí, nó nach ndéanfaidh sí, an tseirbhís a sholáthar, mar shampla trí thagairtí a sholáthar do thorthaí a ghnóthaítear ó chonarthaí den chineál céanna a dhámhtar faoi dhálaí iomaíocha.

36. Meastar ráta toraidh ar chaipiteal nach mó ná an ráta babhtála iomchuí [20] móide préimh de 100 bonnphointe [21] a bheith réasúnach in aon chás. Is é an ráta babhtála iomchuí an ráta babhtála a bhfreagraíonn a aibíocht agus a airgeadra d'fhad agus d'airgeadra an ghnímh um chur ar iontaoibh.

37. I gcás go mbaineann priacal substaintiúil conarthach nó tráchtála le soláthar an SLEC, mar shampla toisc go bhfuil an cúiteamh i bhfoirm cnapíocaíocht sheasta a chumhdaíonn glanchostais thuartha móide brabús réasúnach agus go n-oibríonn an gnóthas i dtimpeallacht iomaíoch, ní ceadmhach gur mó an brabús réasúnach ná an leibhéal a fhreagraíonn do ráta toraidh ar chaipiteal atá ar cóimhéid leis an leibhéal priacail. Is cóir an ráta sin a chinneadh, más féidir, faoi threoír an ráta toraidh ar chaipiteal a bhaintear amach ar chonarthaí seirbhíse poiblí den chineál céanna arna ndámhachtain faoi dhálaí iomaíocha (mar shampla, conarthaí arna ndámhachtain faoi thairiscint). I gcás nach féidir an modh sin a chur chun feidhme, féadfar úsáid a bhaint freisin as modhanna eile chun toradh ar chaipiteal a shuíomh ach bonn cirt a bheith fúthu [22].

38. I gcás nach mbaineann príocal substaintiúil tráchtála ná conarthach leis an SLEC a sholáthar, mar shampla toisc go ndéantar an glanchostas a thabhaítear chun an tseirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar a chúiteamh *ex post* ina iomláine go bunúsach, ní ceadmhach gur mó an brabús réasúnach ná an leibhéal a fhreagraíonn don leibhéal a shonraítear i mír 36. Ní sholáthraítear, le sásra cúitimh den sórt sin, aon dreasachtaí éifeachtúlachta don soláthraí seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, tá a úsáid teoranta go docht do chásanna inar féidir leis an mBallstát a léiriú ar bhonn cirt nach indéanta ná cuí éifeachtúlacht táirgiúlachta a chur i gcuntas ná conradh a bheith ann de chineál lena dtugtar dreasachtaí chun gnóchain éifeachtúlachta a bhaint amach.

Dreasachtaí éifeachtúlachta

39. Le linn an modh cúitimh a cheapadh, ní foláir do Bhallstáit dreasachtaí a thabhairt isteach chun SLECanna d'ardchaighdeán a sholáthar go héifeachtúil, mura rud é gur féidir leo a léiriú go cuí ar bhonn cirt nach indéanta ná cuí déanamh amhlaidh.

40. Is féidir dreasachtaí éifeachtúlachta a dhearadh ar shlite éagsúla chun gur fearr a oirfidh siad do shainiúlacht gach cáis nó earnála. Mar shampla, féadfaidh Ballstáit leibhéal cúitimh seasta a shainiú roimh ré lena réamh-mheastar agus lena gcorpraítear na gnóchain éifeachtúlachta a bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfaidh an gnóthas iad thar shaolré an ghnímh um chur ar iontaoibh.

41. Féadfaidh Ballstáit, ina ionad sin, spriocanna éifeachtúlachta táirgiúla a shainiú sa ghníomh um chur ar iontaoibh trína mbeidh leibhéal an chúitimh ag brath ar a mhéid a bhainfear na spriocanna amach. Mura mbaineann an gnóthas na cuspóirí amach, is ceart an cúiteamh a laghdú ar mhodh ríofa a shonrófar sa ghníomh um chur ar iontaoibh. Os a choinne sin, má sháraíonn an gnóthas na cuspóirí, is ceart an cúiteamh a mhéadú ar mhodh a shonrófar sa ghníomh um chur ar iontaoibh. Ní foláir luachanna saothair a bhaineann le gnóchain éifeachtúlachta táirgiúla a shocrú ar leibhéal lenar féidir iad a roinnt go cothrom idir an gnóthas agus an Ballstát agus/nó na húsáidirí.

42. Ní foláir sásra ar bith den sórt sin chun feabhsuithe éifeachtúlachta a dhreasú a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla intomhaiste arna leagan amach sa ghníomh um chur ar iontaoibh, agus a bheith faoi réir measúnacht thrédhearcach *ex post* arna sheoladh ag eintiteas a bheidh neamhspleách ar an soláthraí SLEC.

43. Is ceart gnóchain éifeachtúlachta a bhaint amach gan dochar do cháilíocht na seirbhíse a

sholáthraítear, agus is ceart go gcomhlíonfar leo na caighdeáin arna leagan amach i reachtaíocht an Aontais.

Forálacha is infheidhme maidir le gnóthais a bhíonn ag seoladh gníomhaíochtaí freisin nach dtagann faoi réir an SLEC nó a sholáthraíonn SLECCanna éagsúla.

44. I gcás go seolann gnóthas gníomhaíochtaí a thagann agus gníomhaíochtaí nach dtagann faoi réim an SLEC araon, ní foláir na costais agus na hioncaim a ghabhann leis an SLEC, agus leis na seirbhísí eile sin, a thaispeáint ar leithligh ar na cuntais inmheánacha i gcomhréir leis na prionsabail arna leagan amach i mír 31. I gcás go ndéanfar oibriú SLECCanna éagsúla a chur ar iontaoibh gnóthais mar nach ionann an t-údarás deonúcháin nó an cineál SLEC, ní foláir é a bheith infhíoraithe le cuntais inmheánacha an ghnóthais an ndearnadh róchúiteamh ar bith ar leibhéal gach SLEC.

45. Más rud é go sealbhaíonn an gnóthas atá i gceist cearta speisialta nó eisiacha a bhaineann le gníomhaíochtaí, seachas an SLEC a ndéantar cúnaimh a dheonú ina leith, is gníomhaíochtaí lena ngintear brabús is mó ná an brabús réasúnach, nó má thairbhíonn sé as buntáistí eile arna ndeonú ag an Stát, ní foláir iad a chur san áireamh, is cuma faoina n-aicmiú chun críocha Airteagal 107(1) den Chonradh, agus a chur le hioncam an ghnóthais. Maidir leis an mbrabús réasúnach ar na gníomhaíochtaí a bhfuil cearta speisialta nó eisiacha ag an ngnóthas lena n-aghaidh, ní foláir measúnacht a dhéanamh, de réir peirspictíochta *ex ante*, i bhfianaise an gnóthais atá i gceist do dhul nó gan dul faoi phriacal. Ní foláir na dreasachtaí éifeachtúlachta a thabharfaidh an Ballstát isteach, i ndáil leis na seirbhísí atá i gceist a sholáthar, a chur i gcuntas sa mheasúnacht chomh maith.

46. Féadfaidh an Ballstát breith a thabhairt maidir leis na brabúis a fhabhraíonn as gníomhaíochtaí eile nach dtagann faoi réim an SLEC, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bheidh ag brath ar an mbonneagar is gá chun an SLEC a sholáthar, nach foláir iad a leithroinnt go hiomlán nó go páirteach ar mhaoiniú an SLEC.

Róchúiteamh

47. Is ceart a thuiscint as róchúiteamh gur cúiteamh é a gheobhaidh an gnóthas de bhreis ar an méid cúnaimh arna mhíniú i mír 21 ar feadh ré iomlán an chonartha. Mar a deirtear i míreanna 39 go 42, féadfaidh an gnóthas barrachas de dhroim gnóchan éifeachtúlachta is mó ná a rabhthas ag súil leo a choimeád mar bhrabús réasúnach breise mar a shonraítear sa ghníomh um chur ar iontaoibh [23].

48. Ós rud é nach bhfuil gá le róchúiteamh chun an SLEC a oibriú, cúnamh Stáit neamh-chomhoiriúnach is ea é.

49. Ní foláir do Bhallstáit a chinntiú go ndéantar, leis an gcúiteamh a dheonaítear chun an SLEC a oibriú, na ceanglais a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a chomhlíonadh, agus go háirithe nach bhfuil gnóthais ag fáil cúitimh de bhreis ar an méid arna chinneadh de réir na gceanglas a leagtar amach san alt seo. Ní foláir dóibh fianaise a sholáthar ar iarraidh a fháil ón gCoimisiún. Ní foláir dóibh seiceálacha a dhéanamh go rialta, nó a chinntiú go ndéanfar seiceálacha den sórt sin, i ndeireadh na tréimhse iontaoibhe agus, in aon chás, i gceann tréimhsí nach faide ná trí bliana. I gceann dhá bhliain ar a laghad, de ghnáth, is ceart seiceálacha a dhéanamh i gcás cúnamh a dheonaítear ar shlí seachas de réir nós imeachta fála poiblí a bhfuil foilsíú mar chuid de [24].

50. I gcás go bhfuil míniú déanta ag an mBallstát roimh ré ar leibhéal seasta cúnaimh a oireann go leordhóthanach roimh ré do na gnóchain éifeachtúlachta, agus a gcorpraítear go leordhóthanach ann iad, ar gnóchain éifeachtúlachta iad ar féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh an soláthraí seirbhíse poiblí iad i rith na tréimhse iontaoibhe, ar bhonn leithroinnt cheart ar chostais agus ar ioncaim agus ionchas réasúnach arna dtuairisciú san alt seo, ní bheidh sa tseiceáil ar an róchúiteamh i bprionsabal ach fíorú go bhfuil leibhéal an bhrabúis a bhfuil an soláthraí ina theideal de réir an ghnímh um chur ar iontaoibh réasúnach iarbhír de réir peirspictíochta *ex ante*.

2.9. Ceanglais bhreise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'fhonn a chinntiú nach ndéantar difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a bheadh contrártha do leasanna an Aontais

51. Is gnách gur leor na ceanglais a leagtar amach in ailt 2.1 go 2.8 chun a chinntiú nach ndéanfaidh cúnamh an iomaíochta a shaobhadh ar shlí atá contrártha do leasanna an Aontais.

52. Is intarlaithe, mar sin féin, go mb'fhéidir, in imthosca eisceachtúla áirithe, nach dtabharfaí aghaidh ar shaofaí iomaíochta tromchúiseacha sa mhargadh inmheánach agus go bhféadfadh an cúnamh difear a dhéanamh go feadh méid a bheadh contrártha do leasanna an Aontais.

53. I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún scrúdú i dtaobh an féidir saofaí den sórt sin a mhaolú trí choinníollacha a éileamh nó trí ghealltanais a iarraidh ar an mBallstát.

54. Níltear ag súil go dtarlóidh saofaí troma iomaíochta de chineál a bheadh contrártha do leasanna an Aontais ach in imthosca eisceachtúla.

Ní thabharfaidh an Coimisiún a aird ach ar na saofaí sin ina bhfuil éifeachtaí dochracha suntasacha ag an gcúnamh ar Bhallstáit eile agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, mar shampla, mar nach féidir do ghnóthais in earnálacha tábhachtacha den gheilleagar an scála oibríochtaí is gá chun oibriú go héifeachtach a bhaint amach de dheasca na saofaí sin dá chosc sin orthu.

55. Féadfaidh saofaí den sórt sin eascairt, mar shampla, i gcás nach féidir bonn cirt a bheith faoi ré na hiontaoibhe faoi threoir critéar oibiachtúil (amhail an gá atá ann sócmhainní dochta neamhinaistrithe a amúchadh) nó go gcuachtar le ré na hiontaoibhe sraith tascanna (a bhíonn faoi réir cuir ar iontaoibh leithleacha de ghnáth gan aon sochar sóisialach a chailleadh agus gan aon chostais bhreise a bheith ann maidir le héifeachtúlacht ná éifeachtacht i soláthar na seirbhísí). I gcás den sórt sin, dhéanfaidh an Coimisiún scrúdú i dtaobh an bhféadfaí an tseirbhís phoiblí chéanna a sholáthar chomh maith céanna ar mhodh nach mbeadh chomh saofa céanna, trí chur ar iontaoibh níos teoranta maidir le ré nó raon feidhme nó trí chuir ar iontaoibh leithleacha, mar shampla.

56. Cás eile ina mb'fhéidir go mbeadh gá le measúnacht níos mionsonraithe is ea cás ina gcuireann an Ballstát ar iontaoibh soláthraí seirbhíse poiblí, in éagmais níos imeachta roghnúcháin iomaíoch, SLEC a sholáthar i margadh neamh-fhorchoimeáda ina bhfuil seirbhísí atá an-chomhchosúil leo sin atá á soláthar cheana féin nó inar féidir a bheith ag súil go soláthrófar iad go luath in éagmais na SLECanna. D'fhéadfadh go mbeadh na héifeachtaí dochracha sin ar fhorbairt trádála níos suntasaí i gcás go mbeidh an SLEC le tairiscint ar tharaif faoi bhun costais a thabhódh aon soláthraí iarbhír nó ionchasach, ar shlí a bheadh ina cúis le foriamh margaidh. Féadfaidh an Coimisiún, mar sin, cé go n-urramóidh sé go hiomlán an rogha leathan atá ag an mBallstát chun an SLEC a mhíniú, leasuithe a cheangal, ar leithroinnt an chúnaimh mar shampla, i gcás go bhféadfadh sé a shuíomh le réasún gurbh fhéidir an SLEC céanna a sholáthar de réir coinníollacha coibhéiseacha do na húsáidirí, ar mhodh nach mbeadh chomh saofa céanna agus ar lú a chostas ar an Stát.

57. Is ceart grinnscrúdú níos mine a dhéanamh freisin i gcás go mbaineann cur na hoibleagáide seirbhíse ar iontaoibh le cearta speisialta nó eisiacha lena gcuirtear srian tromaí ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach go feadh méid a bheadh contrártha do leas an Aontais. Cé gurb é Airteagal 106(1) den Chonradh an tslí phríomha chun cás den sórt sin a bhrath i gcónaí, ní ceadmhach a mheas go bhfuil an cúnamh Stáit comhoiriúnach i gcás go ndéantar socrú leis an gceart eisiach maidir le buntáistí nach bhféadfaí a mheasúnú, a

chainníochtú nó a bhrath i gceart de réir na modheolaíochtaí chun glanchostais na SLECanna a thuairiscítear in alt 2.8 a ríomh.

58. Déanfaidh an Coimisiún aird a thabhairt freisin ar chora ina dtugann an cúnaimh deis don ghnóthas cruthú nó úsáid bonneagair nach bhfuil inmhacasamhlaithe a mhaoiniú agus ina gcumasaíonn sé don ghnóthas an margadh ina soláthraítear an SLEC nó margáí gaolmhara iomchuí a fhoriamh. Más amhlaidh an cás, d'fhéadfadh sé a bheith cuí a cheangal go dtabharfaí rochtain chóir agus neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar d'iomaitheoirí, faoi choinníollacha cuí.

59. Más rud é go dtarlaíonn saofaí iomaíochta de dhroim an cur ar iontaoibh de bheith ag cur bac ar chur i ngníomh nó ar fhorfheidhmiú éifeachtach reachtaíochta de chuid an Aontais arb é is aidhm léi feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, scrúdóidh an Coimisiún an cás, féachaint an bhféadfaí an tseirbhís phoiblí a sholáthar chomh maith céanna ar mhodh nach bhfuil chomh saofa, mar shampla, trí reachtaíocht earnála an Aontais a chur i ngníomh go hiomlán.

2.10. Trédhearcacht

60. Maidir le gach cúiteamh SLEC a thagann faoi réim na Teachtaireachta seo, ní foláir don Bhallstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas a fhoilsiú ar an idirlíon nó ar shlí chuí eile:

(a) torthaí an chomhchomhairliúcháin phoiblí nó ionstraimí cuí eile dá dtagraítear i mír 14;

(b) ábhar, agus ré, na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí;

(c) an gnóthas agus, más infheidhme, an chríoch lena mbaineann;

(d) méideanna an chúnamh a dheonaítear don ghnóthas ar bhonn bliantúil.

2.11 Cúnaimh a chomhlíonann na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 2(1) de Chinneadh 2012/21/AE

61. Ní bhaineann na prionsabail arna leagan amach i míreanna 14, 19, 20, 24, 39, 51 go 59 agus 60(a) le cúnaimh a chomhlíonann na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 2(1) de Chinneadh 2012/21/AE.

3. TUAIRISCIÚ AGUS MEASTÓIREACHT

62. Tabharfaidh Ballstáit tuarascáil don Choimisiún ar chomhlíonadh na Teachtaireachta seo gach dhá bhliain. Ní foláir forléargas a bheith á thabhairt sna tuarascálacha ar fheidhm na Teachtaireachta seo maidir leis na hearnálacha éagsúla soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear:

(a) tuairisc ar fheidhm na bprionsabal arna leagan amach sa Teachtaireacht seo maidir leis na

seirbhísí a thagann faoi réim a raoin feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tí;

(b) méid iomlán an chúnaimh arna dheonú do ghnóthais a thagann faoi réim na Teachtaireachta seo, mar aon le miondealú de réir earnáil eacnamaíoch na dtairbhíthe;

(c) léiriú ar cibé acu an raibh cur i bhfeidhm na bprionsabal arna leagan amach sa Teachtaireacht seo maidir le seirbhís de chineál áirithe ina bhun le deacrachtaí nó gearáin ó thríú páirtithe; agus

(d) faisnéis ar bith eile maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal arna leagan amach sa Teachtaireacht seo, a cheanglaíonn an Coimisiún, agus a bheidh le sonrú in am cuí, sula mbeidh an tuarascáil le cur faoina bhráid.

Is faoin 30 Meitheamh, 2014 a chuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin.

63. Ina theannta sin, de réir cheanglais faoi Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 an 22 Márta 1999 ón gComhairle, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe i dtaobh fheidhm Airteagal 93 de Chonradh CE [25] (arb é Airteagal 108 den Chonradh anois é) agus Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 an 21 Aibreán 2004 ón gCoimisiún, lena gcuirtear i ngníomh Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe i dtaobh fheidhm Airteagal 93 de Chonradh CE [26], caithfidh Ballstáit tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an gcúnamh a dheonaítear tar éis cinnidh ón gCoimisiún arna bhunú ar an Teachtaireacht seo.

64. Foilseofar na tuarascálacha ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

65. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Teachtaireacht seo a athbhreithniú faoin 31 Eanáir 2017.

4. COINNÍOLLACHA AGUS OIBLEAGÁIDÍ A GHABHANN LE CINNTÍ ÓN gCOIMISIÚN

66. De bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999, féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a chur ag gabháil le cinneadh deimhneach ar faoina réir a fhéadfar a mheas go bhfuil cúnamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, agus féadfaidh sé oibleagáidí a leagan síos chun a chumasú faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an chinnidh. I réimse na SLECanna, d'fhéadfadh gá a bheith le coinníollacha agus oibleagáidí go háirithe chun a chinntiú nach dtiocfaidh saofaí míchuí iomaíochta ná trádála sa mhargadh inmheánach as cúnamh arna dheonú do na gnóthais lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh gá a bheith le tuarascálacha tréimhsiúla nó oibleagáidí eile, i

bhfianaise staid shonrach gach seirbhíse ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne.

5. CUR CHUN FEIDHME

67. Déanfaidh an Coimisiún forálacha na Teachtaireachta seo a chur chun feidhme ón 31 Eanáir 2012.

68. Déanfaidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a chur chun feidhme maidir le gach tionscadal cúnamh a dtugtar fógra dó maidir leis agus déanfaidh sé cinneadh ar na tionscadail sin de réir na bprionsabal sin, fiú amháin má tugadh fógra faoi na tionscadail roimh an 31 Eanáir 2012.

69. Déanfaidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a chur chun feidhme maidir le cúnamh neamhdhleathach a ndéanfaidh sé cinneadh maidir leis tar éis an 31 Eanáir 2012, fiú amháin i gcás gur roimh an dáta sin a deonaíodh an cúnamh. Mar sin féin, más roimh an 31 Eanáir 2012 a deonaíodh an cúnamh, níl feidhm ag na prionsabail a leagtar amach i míreanna 14, 19, 20, 24, 39, agus 60.

6. BEARTA CUÍ

70. Molann an Coimisiún, mar bhearta cuí chun críocha Airteagal 88(1) den Chonradh, go bhfoilsoidh Ballstáit liosta na scéimeanna cúitimh láithreacha maidir le cúiteamh seirbhíse poiblí nach mór a chur i gcomhréir leis an Teachtaireacht seo faoin 31 Eanáir 2013 agus go ndéanfaidh siad na scéimeanna cúnamh sin a chur i gcomhréir leis an Teachtaireacht seo faoin 31 Eanáir 2014.

71. Is ceart do na Ballstáit a dhearbhu don Choimisiún faoin 29 Feabhra 2012 go gcomhaontaíonn siad leis na bearta cuí atá molta. D'éagmais aon fhreagra, glacfaidh an Coimisiún leis nach gcomhaontaíonn an Ballstát lena mbaineann.

[1] Breithiúnais i gCás C-280/00 *Altmark Trans GmbH* agus *Regierungspräsidium Magdeburg v Nahverkehrsgesellschaft Altmark GmbH* (“*Altmark*”) [2003] ECR I-7747 agus Cásanna Uamtha C-34/01 go C-38/01 *Enirisorse SpA v Ministero delle Finanze* [2003] ECR I-14243.

[2] Sa bhreithiúnas uaithi in *Altmark*, ba é tuairim na Cúirte Breithiúnais nach cúnamh Stáit é cúiteamh seirbhíse poiblí má chomhlíontar ceithre cinn de chritéir charnacha. Ar an gcéad dul síos, ní foláir oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le hurscaoileadh iarbhír ag an ngnóthas is faighteoir agus ní foláir na hoibleagáidí a bheith mínithe go soiléir. Ar an dara dul síos, ní foláir na paraiméadair a ríomhtar an cúiteamh ar a mbonn a shuíomh roimh ré ar shlí oibiachtúil thrédhearcach. Ar an tríú dul síos, ní féidir an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun

na costais go léir nó cuid de na costais arna dtabhú le linn na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, ag cur na bhfáltais iomchuí agus brabús réasúnach i gcuntas, a chumhdach. Ar deireadh, más rud é, maidir leis an ngnóthas atá chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a urscaoileadh, nach roghnaítear é, i gcás sonrath, de bhun nós imeachta fála poiblí trína bhféadfar an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní foláir an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhdh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear na hacmhainní iomchuí dó.

[3] Féach leathanach 23 den Iris Oifigiúil seo.

[4] Féach leathanach 4 den Iris Oifigiúil seo.

[5] IO L 7, 11.1.2012, lch 3.

[6] IO L 7, 11.1.2012.

[7] IO C 297, 29.11.2005, lch 4.

[8] IO C 257, 27.10.2009, lch 1.

[9] IO C 244, 1.10.2004, lch 2.

[10] IO L 318, 17.11.2006, lch 17.

[11] Treoir 2006/111/CE maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir Ballstáit agus gnóthais phoiblí chomh maith le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe.

[12] Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn glanchostas glanchostas arna chinneadh i mír 25 nó costais lúide ioncaim i gcás nach féidir modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta a chur chun feidhme.

[13] Foinsí poiblí faisnéise, leibhéil chostas a thabhaigh an soláthraí SLEC san am atá caite, leibhéil chostas iomaitheoirí, pleananna gnó, tuarascálacha tionscail, etc.

[14] IO L 108, 24.4.2002, lch 51.

[15] IO L 15, 21.1.1998, lch 14.

[16] In *Chronopost* (Cásanna Uamtha C-83/01 P, C-93/01 P agus C-94/01 P *Chronopost SA* [2003] ECR I-6993), thagair Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa do “gnáthdhálaí margaidh”: “Ó tharla nach féidir in aon chor staid *La Poste* a chur i gcomparáid le staid grúpa phríobháidigh gnóthas nach n-oibríonn in earnáil fhorchoimeáda, ní mór “gnáthdhálaí margaidh”, ar gá iad a bheith hipitéiseach, a mheasúnú faoi threoir na n-eilimintí oibiachtúla infhíoraithe atá ar fáil”.

[17] Déanfar an brabús réasúnach a mheasúnú de réir peirspictíochta *ex ante* (bunaithe ar bhrabúis thuartha seachas ar bhrabúis réadaithe) d’fhonn

gan deireadh a chur leis na dreasachtaí chun an gnóthas do dhéanamh gnóchan éifeachtúlachta le linn dó gníomhaíochtaí nach dtagann faoi réir an SLEC a oibriú.

[18] Is é an míniú anseo ar an ráta toraidh ar chaipiteal an Ráta Inmheánach Toraidh (RIT) a dhéanann an chuideachta ar a caipiteal infheistithe thar shaolré an tionscadail, is é sin le rá RIT ar shreabha airgid an chonartha.

[19] In aon bhliain ar leith, is é an míniú ar an tomhas cuntasáíochta — toradh ar chothromas (TAC) an cóimheas idir tuilleamh roimh ús agus cánacha (TRÚC) agus caipiteal cothromais sa bhliain sin. Is ceart an meántoradh bliantúil a ríomh thar shaolré na hiontaoibhe trí chostas caipitil na cuideachta nó an ráta arna cheapadh ag an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ráta Tagartha, cibé acu is mó is cúí, a chur chun feidhme mar thoisic lascaine.

[20] Is é an ráta babhtála an aibíocht is faide atá coibhéiseach leis an Ráta Tairgthe Idir-Bhainc (ráta RTIB). Úsáidtear é sna margáí airgeadais mar ráta slaite tomhais chun an ráta maoinithe a bhunú.

[21] Fónann an phrémh 100 bonnphointe, *inter alia*, chun cúiteamh a dhéanamh i bpriacal leachtaíochta a bhaineann le soláthraí SLEC a infheistíonn caipiteal i gconradh SLEC do thiomnú an chaipitil sin ar feadh ré an ghnímh um chur ar iontaoibh agus nach mbeidh sé ábalta a gheall a dhíol chomh tapaidh agus ar chostas chomh híseal agus a dhíolfaí é i gcás sócmhainne a shealbhaítear go forleathan agus atá saor ó phriacal leachtaíochta.

[22] Mar shampla, trí chomparáid a dhéanamh idir an toradh agus meánchostas ualaithe caipitil (MUC) na cuideachta i ndáil leis an ngníomhaíocht atá i gceist, nó leis an meántoradh ar chaipiteal don earnáil le blianta beaga anuas, agus á chur i gcuntas an féidir sonraí stairiúla a bheith cúí chun críocha réamhbhreathnaitheach.

[23] Ar an gcuma chéanna, is ceart don ghnóthas dul faoi chuid d'easnamh de dhroim gnóchain éifeachtúlachta a bheith níos ísle ná a rabhthas ag súil leis, i gcás go sonraítear é sin sa ghníomh um chur ar iontaoibh.

[24] Amhail cúnaimh a dheonaítear i ndáil le conarthaí tí, lamháltas gan aon leithroinnt iomaíoch, nósanna imeachta fála poiblí gan foilsíú ar bith roimh ré.

[25] IO L 83, 27.3.1999, lch 1.

[26] IO L 140, 30.4.2004, lch 1.

A.21

[*Uimh. 45.*] *An tAcht Árachais Sláinte (Leasú)*, 2012. [2012.]

Alt 6A

SCEIDEAL 3

AN MÉID A SHONRAÍTEAR CHUN
CRÍOCHA AN MHÍNITHE AR
'CREIDMHEAS ÚSÁIDE LEAPA OSPIDÉIL'

€75.00

Alt 11C

SCEIDEAL 4

AN MÉID DEN PHRÉIMH ATÁ LE HÍOC AS
AN gCISTE I LEITH AICMÍ ÁIRITHE
DAOINE ÁRACHAITHE BUNAITHE AR
AOIS AGUS GNÉAS DAOINE
ÁRACHAITHE, AGUS AR AN gCINEÁL
CUMHDAIGH ÁRACHAIS ATÁ ACU AR
AN DÁTA A CHUIRTEAR AN CONRADH I
gCRÍCH

TÁBLA 1

AN MÉID IS INFHEIDHME DON
TRÉIMHSE ÓN 1 Eanáir 2013 GO DTÍ AN
30 Márta 2013 AGUS NA DÁTAÍ SIN SAN
ÁIREAMH

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le hóc as an gCiste
Baineannach 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€600.00
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€600.00
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€600.00
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€600.00
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€975.00
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€975.00

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste
Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	€975.00
Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€975.00
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	€1,400.00
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€1,400.00
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	€1,400.00
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana, ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€1,400.00
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	€2,025.00
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,025.00
Baineannach atá 75 bliana agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	€2,025.00

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le hóc as an gCiste
Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,025.00
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€2,400.00
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,400.00
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€2,400.00
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,400.00
Fireannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€2,700.00
Fireannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,700.00
Baineannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€2,700.00
Baineannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,700.00

TÁBLA 2

AN MÉID IS INFHEIDHME AN 31 MÁRTA
2013 AGUS DÁ ÉIS

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le hóc as an gCiste
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain agus os a chionn, ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Baineannach 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamhbhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le hóc as an gCiste
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€375.00
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Cuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€425.00
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€250.00
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€275.00
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€900.00
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€1,050.00
Baineannach atá 65 bliana agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€650.00
Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€775.00

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí é (neamh-bhreisumhdach) é)	€1,450.00
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breisumhdach) é)	€1,700.00
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreisumhdach) é)	€975.00
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 75 bliana, ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breisumhdach) é)	€1,150.00
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreisumhdach) é)	€2,050.00
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breisumhdach) é)	€2,425.00
Baineannach atá 75 bliana agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreisumhdach) é)	€1,550.00
Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breisumhdach) é)	€1,800.00
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí é (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreisumhdach) é)	€2,850.00

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le hóc as an gCiste
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€3,375.00
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€1,925.00
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,275.00
Fireannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€2,850.00
Fireannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€3,375.00
Baineannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (neamh-bhreichumhdach) é)	€1,925.00
Baineannach atá 85 bliana agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an Conradh Iomchuí (ar Conradh Iomchuí (breischumhdach) é)	€2,275.00

”.

Gearrtheideal,
comhlua agus
forléiriú.

22.—(1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2012 a ghairm de na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2011 agus den Acht seo, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.